ÚDARÁS UCHTÁLA na hÉIREANN
THE ADOPTION AUTHORITY of IRELAND

# Údarás Uchtála na hÉireann
# Adoption Authority of Ireland

# Tuarascáil Bhliantúil 2017
# Annual Report 2017

*A chinntiú go soláthraítear na caighdeáin is airde agus is féidir ó thaobh seirbhísí uchtála de, ar fud phróiseas saoil na huchtála, agus leasanna an linbh ann mar phríomhchuspóir*

Tuarascáil ó
Údarás Uchtála na hÉireann
don bhliain 2017

Do: An Dr Katharine Zappone
Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige,
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.

# CLÁR


**1.** Brollach - Teachtaireacht ó Chathaoirleach an Bhoird agus ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin……………………………………………………………………………………………………………1

**2.** Faisnéis faoin Údarás Uchtála…………………………………………………………………………………3

2.1. Struchtúr Eagrúcháin & Bainistíochta………………………………………………………………………3
2.2. Bord an Údaráis Uchtála……………………………………………………………………………………………4

**3.** Rialachas Corparáideach…………………………………………………………………………………………12

**4.** Athbhreithniú ar Phlean Corparáideach 2016-2019 agus ar Phlean Gnó 2017 an Údaráis……..18

**5.** Athbhreithniú ar an mBliain…………………………………………………………………………………54

5.1. Uchtáil Bhaile…………………………………………………………………………………………………………35
5.2. Faisnéis agus Lorgaireacht……………………………………………………………………………………38
5.3. Uchtáil Idir Tíortha…………………………………………………………………………………………………39
5.4. An Mheitheal Oibre Sóisialta…………………………………………………………………………………42
5.5. An tAonad Seirbhísí Corparáideacha & Creidiúnúcháin…………………………………………43

**6.** Staitisticí…………………………………………………………………………………………………………………50

**7.** Faisnéis eile……………………………………………………………………………………………………………65

# Brollach - Teachtaireacht ó Chathaoirleach an Bhoird agus ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin

Sa bhliain 2017, bhí Údarás Uchtála na hÉireann ('an tÚdarás') gnóthach i dtaca le roinnt tionscnamh nua a shaothrú chomh maith lena chuid freagrachtaí reachtúla a chomhlíonadh. Rinneadh roinnt athruithe ar nósanna imeachta agus ar chórais roimh achtú an Achta Uchtála (Leasú) 2017 ('Acht 2017').

Le hAcht 2017, cuirtear leasanna an linbh agus guth an linbh i gcroílár na reachtaíochta a bhaineann le huchtáil. Tugtar aitheantas ann d'éispéireas an lae inniu ar shaol an teaghlaigh trí ligean d'aosaigh shingile, chomhchónaitheacha agus d'aosaigh phósta uchtáil a dhéanamh. Tugann an tAcht éifeacht don nasc idir an t-athair breithe agus a chuid leanaí, beag beann ar a stádas pósta, agus ligtear dó a bheith páirteach go hiomlán in aon phróiseas uchtála a bhaineann lena leanbh.

Soláthraíonn Acht 2017 creat soiléir dlíthiúil trína lamhálfar uchtáil leanaí de chuid pósadh i gcás ina bhfuil sé sin ar mhaithe le leasanna na leanaí lena mbaineann. Is é is dócha a tharlóidh dá bharr seo ná méadú a dhéanamh ar an líon leanaí a uchtaítear ó chúram altramais fadtéarma in Éirinn.

I rith na bliana 2017, lean an tÚdarás de bhéim a leagan ar éisteacht le guth an linbh i ngach ábhar a bhain le huchtáil agus ghlac sé páirt i dtionscnaimh chomhoibríocha leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (DCYA) agus le hOifig an Ombudsman do Leanaí. Go háirithe, chaith an tÚdarás méid suntasach ama i mbun guth an linbh a chur chun cinn le linn a bheith ag plé le gach ní a bhain le huchtáil.

Bíonn faisnéis shoiléir ag teastáil ó leanaí maidir le haon phróiseas a dhéanann difear dóibh. Dá bhrí sin, thionscain an tÚdarás roinnt beart chun éisteacht a thabhairt do ghuth an linbh, lena n-áirítear físeáin agus bileoga nua a ullmhú d'fhonn aird a tharraingt ar ghuthanna leanaí ag éisteachtaí i ndáil le hordú uchtála. Sa cuid den tuarascáil seo dar teideal 'Athbhreithniú ar an mBliain' (leathanaigh 35-49), tugtar mionsonraí faoi na forbairtí sin agus faoi fhorbairtí eile i rith na bliana.

Tá figiúirí a bhaineann le nithe oibríochtúla sa bhliain 2017 agus figiúirí comparáideacha le haghaidh blianta roimhe seo le fáil sa chuid den tuarascáil seo a bhaineann le staitisticí, ó leathanach 50 ar aghaidh, agus léiríonn an chuid sin gur dheonaigh an tÚdarás 72 uchtáil bhaile sa bhliain 2017. Lean an tÚdarás dá fheidhm fhormhaoirseachta maidir le huchtáil idir tíortha a raibh 53 cinn díobh ann sa bhliain 2017. Maidir le Faisnéis agus Lorgaireacht, fuair an tÚdarás 100 iarraidh ar scaoileadh deimhnithe breithe. Phróiseáil sé 667 n-iarratas ar an gclár maidir le teagmháil i gcás uchtáil shaorálach, an Clár Náisiúnta Roghanna maidir le Teagmháil i gcás Uchtáil (NACPR), agus, sa bhliain 2017, rinneadh 121 mheaitseáil ar an NACPR).

Sa bhliain 2017, lean an tÚdarás de bhéim a leagan ar Rialachas Corparáideach lenar áiríodh athbhreithniú ar chomhlíonadh Phlean Gnó agus Phlean Corparáideach an Údaráis. Ina theannta sin, rinne sé pleanáil chuimsitheach ar mhaithe le comhlíonadh an Rialacháin Ghinearálta maidir

le Cosaint Sonraí (GDPR). Thairis sin, rinne an Coiste Rioscaí agus Iniúchta obair shuntasach maidir le gach gné den leochaileacht i leith rioscaí.

Leanadh den phleanáil le haghaidh chur i bhfeidhm na reachtaíochta a rabhthas ag súl léi maidir le Faisnéis agus Lorgaireacht agus, mar chuid den phleanáil sin, d'oibrigh an tÚdarás go dlúth leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus leis an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (Tusla) lena chinntiú go mbeifí ullamh le haghaidh thosach feidhme aon reachtaíochta nua sa réimse seo.

D'fhoilsigh an tÚdarás a Eolaire Seirbhísí Iar-Uchtála agus bhí cruinnithe aige le grúpaí geallsealbhóirí éagsúla. I measc gheallsealbhóirí an Údaráis áirítear na Gníomhaireachtaí Creidiúnaithe - is é sin, soláthróirí seirbhísí amhail lorgaireacht, comhairliú nó idirghabháil do dhaoine uchtaithe nó do ghaolta daoine uchtaithe - agus bíonn dlúthnasc ann idir na gníomhaireachtaí sin agus an tÚdarás le linn dó a ról reachtúil a chomhlíonadh maidir le rialáil agus measúnú. Sheol an tÚdarás cruinniú dhá lá i nGaillimh mar chuid de thionscnamh chun rochtain níos mó ar an mBord a chur ar fáil do gheallsealbhóirí trí láithreacht a sholáthar lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. Chomh maith leis sin, d'éirigh go maith le cuairteanna a thug toscairí AAI ar Stáit Aontaithe Mheiriceá, ar an mBulgáir agus ar Háítí,


Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil le comhaltaí Bhord an Údaráis, agus le Feidhmeannacht an Údaráis, as a dtiomantas agus as a ndíograis i leith obair an Údaráis. Is mian linn freisin aitheantas a thabhairt do thacaíocht agus cúnamh leanúnach an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige agus fhoireann na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige.

An Dr Geoffrey Shannon
Cathaoirleach

Patricia Carey
Príomhoifigeach
Feidhmiúcháin

# Faisnéis faoin Údarás Uchtála

## Struchtúr Eagrúcháin & Bainistíochta




**Chief Executive Officer and Senior Management Team 2017**

| | |
|---|---|
| Chief Executive Officer: | Patricia Carey |
| Director of Operations and Corporate Services: | Kiernan Gildea (to November 2017) |
| Head of Compliance and Resources | Fiona Monaghan |
| Principal Social Worker: | Celia Loftus |

## Bord an Údaráis Uchtála

**Comhaltas an Bhoird - 2017**

An Dr. Geoffrey Shannon, Cathaoirleach
Orlaith Traynor, Leaschathaoirleach
An tOllamh Helen Buckley
Paul Harrison
An Breitheamh Patrick McMahon (ar scor)
Anne O'Flaherty
An Dr. Imelda Ryan (go dtí an 30 Meán Fómhair 2017)
An Dr. Margo Anglim (ón 26 Deireadh Fómhair 2017)

De réir an Achta Uchtála 2010, is é a bheidh sa Bhord 7 gcomhalta, arb iad an cathaoirleach, an leaschathaoirleach agus 5 ghnáthchomhalta, arna gceapadh ag an Aire. Maireann téarma oifige an Bhoird tréimhse nach faide ná cúig bliana. Bíonn comhalta ceaptha a chríochnaíonn téarma oifige inathcheaptha chun an Bhoird, ach ní fhéadfaidh sé nó sí fónamh mar chomhalta ar feadh níos mó ná 2 théarma chomhleanúnacha. Bunaíodh an Bord reatha ar an 1 Samhain 2015.

Bíonn córam ann má bhíonn an Cathaoirleach nó an Leaschathaoirleach agus 2 ghnáthchomhalta, ar oibrí sóisialta é nó í duine díobh, i láthair.

De réir an Achta Uchtála 2010, féadfaidh an Bord, de réir mar is cuí leis, coistí a cheapadh chun comhairle a thabhairt dó i ndáil le comhlíonadh a fheidhmeanna.

**Coistí den Bhord**

<u>An Coiste Rioscaí agus Iniúchta</u>
Claire Byrne (Cathaoirleach)
Aidan Browne, Comhalta
An Dr. Geoffrey Shannon, Cathaoirleach an Údaráis
An Breitheamh Patrick McMahon (ar scor), Comhalta den Údarás

<u>An Fochoiste Taighde</u>
An tOllamh Helen Buckley (Cathaoirleach), Comhalta den Údarás
Orlaith Traynor, Leaschathaoirleach an Údaráis
Anne O'Flaherty, Comhalta den Údarás
An tOllamh Gordon Harold, Ollúnacht Andrew agus Virginia Rudd sa tSíceolaíocht, Ollscoil Sussex
Celia Loftus, Príomhoibrí Sóisialta, an tÚdarás Uchtála
An tOllamh Sheila Greene, Ánra Emeritus, Scoil na Síceolaíochta, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (ó Dheireadh Fómhair 2017)

**Rialachas**

Rinneadh Bord Údarás Uchtála na hÉireann a bhunú faoin Acht Uchtála 2010. Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach in alt 96 den Acht sin. Tá an Bord cuntasach don Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige agus tá freagracht air i ndáil le dea-rialachas a áirithiú. Comhlíonann sé an cúram sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir le gach príomh-shaincheist ghnó. Tá freagracht ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus ar na bainisteoirí sinsearacha i ndáil le bainistíocht, rialú agus stiúradh rialta Údarás Uchtála na hÉireann ó lá go lá. Ní mór don Phríomhoifigeach feidhmiúcháin agus do na bainisteoirí sinsearacha déanamh de réir na treorach leithne straitéisí atá socraithe ag an mBord, agus ní mór dóibh a chinntiú go mbíonn tuiscint shoiléir ag comhaltaí an Bhoird ar na príomhghníomhaíochtaí agus ar na príomhchinntí a bhaineann leis an eintiteas agus ar aon rioscaí straitéiseacha ar dóigh dóibh a bheith ann. Feidhmíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin mar phointe idirchaidrimh dhírigh idir an Bord agus foireann agus lucht bainistíochta Údarás Uchtála na hÉireann.

**Freagrachtaí an Bhoird**

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach i gCód Rialachais Údarás Uchtála na hÉireann. I measc na ngnáthnithe a ndéanann an Bord breithniú orthu, áirítear an méid seo a leanas:

- dearbhú leasanna;
- tuarascálacha ó fhochoistí;
- tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta;
- tuarascálacha feidhmíochta; agus
- nithe forchoimeádta.

Le halt 112 den Acht Uchtála 2010, ceanglaítear ar Bhord Údarás Uchtála na hÉireann na cuntais go léir is cuí agus is gnách maidir le hairgead a fhaigheann sé agus a chaitheann sé a choimeád i cibé foirm a cheadaíonn an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige, le toiliú ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Le linn na ráitis airgeadais sin a ullmhú, tá sé de cheangal ar Bhord an Údaráis Uchtála an méid seo a leanas a dhéanamh:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus stuama a dhéanamh;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura rud é nach cuí a thoimhdean go leanfaidh sé de bheith i ngníomh; agus
- a shonrú an ndearnadh de réir caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, ach sin faoi réir aon mhodhnuithe ábhartha ar na caighdeáin sin a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá freagracht ar an mBord i ndáil le taifid leordhóthanacha chuntasaíochta a choimeád ina nochtar a staid airgeadais, go measartha cruinn aon tráth áirithe, agus a chumasaítear dó a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 112 den Acht Uchtála 2010. Tá freagracht ar an mBord i ndáil

le cothabháil agus iomláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar láithreán gréasáin Údarás Uchtála na hÉireann.

Tá freagracht ar an mBord i ndáil leis an bplean bliantúil agus leis an mbuiséad bliantúil a cheadú. Déantar an measúnú ar fheidhmíocht Údarás Uchtála na hÉireann a bhreithniú go rialta ag cruinnithe an Bhoird agus déantar an measúnú sin faoi threoir an phlean bhliantúil agus an bhuiséid bhliantúil.

Tá freagracht ar an mBord freisin i ndáil lena shócmhainní a choimirciú agus i ndáil le bearta réasúnacha a dhéanamh maidir le calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

**Cruinnithe de Bhord Údaráis**

De réir an Achta Uchtála 2010, tionólfaidh an tÚdarás cibé líon cruinnithe is gá chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh ach tionólfaidh sé 12 chruinniú ar a laghad in aghaidh na bliana. Thionóil an Bord 23 chruinniú i rith na bliana 2017, lena n-áirítear cruinniú amháin lasmuigh de Bhaile Átha Cliath, ar cruinniú é a tionóladh i nGaillimh i mí an Mhárta.
Déantar cruinnithe de chuid an Bhoird a sceidealú ar bhealach ina n-éascaítear cruinniú 'iomlán' boird in aghaidh na míosa, ar cruinniú é a ndéileáiltear le nithe seachas deonú Orduithe Uchtála lena linn. Baineann an dara cruinniú de chuid na míosa le deonú Orduithe Uchtála agus le haon ghnó práinneach eile ar gá déileáil leis ar lá an chruinnithe sin. De ghnáth, ní gá córam a bheith ann ach amháin le haghaidh laethanta Orduithe Uchtála agus tá léiriú le fáil air sin sa tuarascáil ar chúrsaí tinrimh ar leathanach 12.

I measc na nithe a bhíonn ar an gclár oibre i gcónaí le haghaidh cruinnithe 'iomlána' den Bhord, áirítear an méid seo a leanas:

- Dearbhú maidir le coinbhleacht leasa;
- Miontuairiscí an chruinnithe roimhe sin;
- Rioscaí agus Rialachas;
- Comhlachtaí Creidiúnaithe;
- Tuarascáil ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin;
- Uchtáil Bhaile;
- Faisnéis agus Lorgaireacht;
- Uchtáil Idir Tíortha;
- Gnó Eile.

Sa bhliain 2017, rinneadh cuid Rioscaí agus Rialachais an chláir oibre a leathnú go mór mar aitheantas do ról méadaithe agus do fhreagracht mhéadaithe an Bhoird faoin gCód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit. I measc na nithe a breithníodh faoin gcuid seo den chlár oibre i rith na bliana, áiríodh ítimí rialta den sórt seo a leanas:

- Tuarascálacha Bliantúla;
- An Plean Gnó;
- An Plean Corparáideach;
- Clár na Rioscaí; agus

- Cuntais Bhainistíochta Ráithiúla.

I measc na nithe nua a bhí ann i mbliana, áirítear an méid seo a leanas:

- Tuarascáil ar Anailís Bearnaí maidir le Comhlíonadh an Chóid Rialachais;
- Athbhreithniú ar Chód Rialachais an Údaráis;
- Comhaontú Formhaoirseachta leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige;
- Beartas Athbhreithnithe maidir le Nochtadh Cosanta agus an nós imeachta ina leith; agus
- Pleanáil i gcomhair chomhlíonadh na Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.

Rith an Bord rún le go mbeadh cruinniú amháin ar a laghad ann gach bliain le haghaidh cúrsaí Rialachais amháin. Tionóladh an cruinniú Rialachais ar an 25 Aibreán 2017.

Soláthraíonn Tuarascáil an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin a bhíonn ar an gclár oibre faisnéis agus eolas uasdátaithe don Bhord faoi oibriú Údarás Uchtála na hÉireann, faoi chur i bhfeidhm bheartas an Bhoird, faoi chur i bhfeidhm an Phlean Gnó bhliantúil, faoi nithe a bhaineann le cúrsaí caiteachais agus buiséid agus faoi shaincheisteanna agus/nó faoi fhorbairtí iomchuí eile.

I gCuid 4 den Acht Uchtála, leagtar amach na cumhachtaí atá dílsithe don Bhord, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- An chumhacht chun Dearbhuithe Incháilitheachta agus Oiriúnachta a eisiúint chuig uchtaitheoirí ionchasacha;
- Iarratais a bhaineann le horduithe uchtála a éisteacht agus orduithe uchtála a dhéanamh;
- An chumhacht chun uchtálacha idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát a aithint.

Bíonn na nithe sin ina gcuid den chlár oibre le haghaidh cruinnithe den Bhord agus déileáiltear leo faoi na Ranna Baile agus Idir Tíortha den chlár oibre.

Le linn a bheith ar cuaird i nGaillimh, chomh maith le gnáthghnó an Bhoird a sheoladh agus orduithe uchtála a dheonú, thapaigh an Bord an deis chun bualadh le grúpaí tacaíochta uchtála idir tíortha - an *Western Intercountry Adoption Organisation* (WIAO) agus an *Network of Adoption Support Group Ireland* (NAGSI). Ina theannta sin, bhuail an Bord le soláthróirí seirbhísí uchtála sa cheantar, lena n-áirítear oibrithe sóisialta de chuid Tusla - an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach agus ionadaithe de chuid coistí áitiúla uchtála.

De réir mar a cheanglaítear faoin gCód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, tháinig an Bord le chéile roinnt uaireanta sa bhliain 2017 gan an Fheidhmeannacht (is é sin, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Rúnaí an Bhoird ná aon duine eile den fhoireann nó den lucht bainistíochta) a bheith i láthair. Ar an 16 Feabhra (An Lá Straitéise), seoladh an chuid deiridh den chruinniú gan an Fheidhmeannacht a bheith i láthair. Ar an 25 Feabhra (Rialachas), seoladh an cruinniú gan an Fheidhmeannacht a bheith i láthair. Le héifeacht ó chruinniú an 9 Bealtaine 2017, ar dháta gach ceann de na cruinnithe boird 'iomlána', tháinig an Bord le chéile gan an Fheidhmeannacht a bheith i láthair ó 9.45am go dtí cibé uair ba ghá chun nithe a phlé. Leanfar den chleachtas sin sa bhliain 2018.

**Coistí an Bhoird**

An Coiste Rioscaí agus Iniúchta

Tagann an Coiste le chéile 4 huaire sa bhliain ar a laghad, agus tá údarás aige cruinnithe breise a thionól de réir mar a éilíonn na himthosca. Tá córam ann má bhíonn 2 chomhalta coiste neamhfheidhmiúcháin i láthair. Sa bhliain 2017, tháinig an Coiste le chéile ceithre huaire.

Thug an Coiste cuireadh do chomhaltaí de chuid na Feidhmeannachta, d'iniúchóirí nó do dhaoine eile chun freastal ar chruinnithe agus chun faisnéis ábhartha a sholáthar, de réir mar ba ghá. Bíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an Ceann Comhlíontachta agus Acmhainní i láthair ag gach cruinniú. Soláthraíonn *CrowleysDFK* tacaíocht rúnaíochta.

Rinneadh cláir oibre le haghaidh cruinnithe a ullmhú agus scaipeadh ar chomhaltaí coiste iad roimh ré in éineacht le hábhair iomchuí eolais. Choinnigh an Coiste Rioscaí agus Iniúchta miontuairiscí nó tuairiscí eile i leith a chuid cruinnithe agus gníomhaíochtaí. I measc na n-iniúchtaí a choimisiúnaigh an Coiste Rioscaí agus Iniúchta áiríodh athbhreithniú ar éifeachtacht na rialuithe airgeadais inmheánacha agus, den chéad uair, iniúchadh ar ullmhacht maidir le GDPR. Rinneadh Tuarascáil Bhliantúil 2016 ón gCoiste Rioscaí agus Iniúchta a thíolacadh go foirmiúil don Bhord ag a gcruinniú ar an 9 Bealtaine 2017. Chomhaontaigh an Coiste Tuarascáil Bhliantúil 2017 ag a gcruinniú i mí na Nollag agus tíolacfar an tuarascáil sin don Bhord i Ráithe 1 den bhliain 2018.

Tá tuilleadh mionsonraí faoi obair an choiste le fáil ar leathanach 17.

An Coiste Taighde

Tháinig an Coiste Taighde le chéile trí huaire sa bhliain 2017. B'éigean cruinniú amháin a chur ar ceal de bharr Stoirm Ophelia.

Rinne Ronan Keegan, Oibrí Sóisialta, an tÚdarás Uchtála, tacaíocht rúnaíochta a sholáthar don Choiste Taighde.

Choimisiúnaigh an Bord taighdeoir chun dhá phíosa taighde a dhéanamh sa bhliain 2017 agus cuirfear an taighde sin i gcrích, agus foilseofar é, sa bhliain 2018. Ba é a bhí sa chéad phíosa taighde ná iniúchadh ar Thaighde Éireannach agus ba é a bhí sa dara píosa ná forléargas ar bheartas agus ar athrú reachtaíochta i réimse na hUchtála. Chabhraigh an Coiste leis an bhFeidhmeannacht freisin maidir le sonraíocht phoist a dhréachtú le haghaidh poist mar Oifigeach Taighde san Údarás. Tosaíodh an plé leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige faoi chead le haghaidh an phoist sa bhliain 2017 agus bhí an plé sin ar siúl fós ag deireadh na bliana.

I gcomhréir leis an gCód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, tugtar tuairisc anseo thíos ar mhinicíocht chruinnithe an Bhoird agus ar an tinreamh ag cruinnithe Boird i gcás gach comhalta den Bhord.

| Cruinnithe 2017 | | Bord an Údaráis |
|---|---|---|
| 3 Eanáir | | Ábhar práinne - gá le córam<br>Bhí G Shannon, H Buckley, P Harrison i láthair |
| 10 Eanáir | Iomlán | Bhí gach comhalta i láthair |
| 24 Eanáir | | Bhí G Shannon, O Traynor, H Buckley, I Ryan i láthair |
| 2 Feabhra | | Ábhar práinne - gá le córam<br>Bhí G Shannon, H Buckley, P Harrison, A O'Flaherty i láthair |
| 7 Feabhra | Iomlán | Bhí gach comhalta i láthair |
| 16 Feabhra | | Lá Straitéise an Bhoird - bhí gach comhalta i láthair |
| 21 Feabhra | | Bhí G Shannon, P Harrison, P McMahon, A O'Flaherty i láthair |
| 14 Márta | Iomlán | Bhí gach comhalta i láthair |
| 28 Márta, Gaillimh | | Bhí G Shannon, H Buckley, P Harrison, I Ryan i láthair |
| 11 Aibreán | Iomlán | Bhí gach comhalta i láthair |
| 25 Aibreán | | Rialachas AM - Orduithe Uchtála PM<br>Bhí G Shannon, O Traynor, H Buckley, P Harrison, P McMahon, A O'Flaherty i láthair |
| 9 Bealtaine | Iomlán | Bhí G Shannon, H Buckley, P Harrison, P McMahon, A O'Flaherty, I Ryan i láthair |
| 23 Bealtaine | | Bhí G Shannon, O Traynor, P Harrison, P McMahon, I Ryan i láthair |
| 13 Meitheamh | Iomlán | Bhí G Shannon, O Traynor, H Buckley, A O'Flaherty i láthair |
| 27 Meitheamh | | Bhí G Shannon, O Traynor, H Buckley A O'Flaherty, P McMahon i láthair |
| 11 Iúil | Iomlán | Bhí G Shannon, P Harrison, P McMahon, A O'Flaherty, I Ryan i láthair |
| 25 Iúil | | Bhí G Shannon, O Traynor, P Harrison, P McMahon, I Ryan i láthair |
| 12 Meán Fómhair | Iomlán | Bhí G Shannon, O Traynor, H Buckley P McMahon, A O'Flaherty, I Ryan i láthair |
| 12 Deireadh Fómhair | Iomlán | Bhí gach comhalta i láthair (Ní raibh an Dr I Ryan ina comhalta a thuilleadh) |
| 24 Deireadh Fómhair | | Bhí G Shannon, O Traynor, H Buckley, P Harrison i láthair |
| 7 Samhain | Iomlán | Bhí G Shannon, H Buckley, P Harrison, P McMahon, A O'Flaherty i láthair |
| 22 Samhain | | Bhí gach comhalta i láthair |
| 19 Nollaig | Iomlán | Bhí gach comhalta i láthair |

| Cruinnithe 2017 | An Coiste Rioscaí agus Iniúchta |
|---|---|
| 21 Márta | Tinreamh Iomlán |
| 30 Bealtaine | Tinreamh Iomlán |
| 6 Samhain | Bhí C Byrne agus an Dr G Shannon i láthair |
| 18 Nollaig | Tinreamh Iomlán |

| Dátaí na gcruinnithe sa bhliain 2017 | An Fochoiste Taighde |
|---|---|
| 24 Aibreán | Ní raibh Orlaith Traynor i láthair ar an dáta seo |
| 13 Meitheamh | Tinreamh iomlán |
| 22 Samhain | Ní raibh an tOllamh Gordon Harold i láthair ar an dáta seo. |

**Stipinn an Bhoird**

Tá táille bhliantúil iníoctha le comhaltaí den Bhord, is é sin, suim €7,965, mar aon le costais taistil agus cothaithe de réir rátaí a cheadaíonn an Roinn Airgeadais. De réir rialacháin na Roinne Airgeadais, ní íoctar táillí le comhaltaí Boird ar seirbhísigh phoiblí iad. Mar aitheantas do chineál gar-bhreithiúnach Bhord an Údaráis, íoctar €63,120 sa bhliain leis an gCathaoirleach. Déantar na híocaíochtaí go léir go ráithiúil ina riaráistí.

**Róil agus Freagrachtaí**

An Cathaoirleach

Is é príomhról an Chathaoirleach ceannaireacht a chur ar fáil don Bhord agus d'Údarás Uchtála na hÉireann i leith chomhlíonadh na bhfreagrachtaí a shanntar dóibh faoin reacht lenar bunaíodh an t-údarás. Baineann dualgais shonracha an Chathaoirligh leis an méid seo a leanas:

Bainistíocht a dhéanamh ar an Údarás trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- cláir oibre chuí a réiteach agus bainistíocht agus tacaíocht chuí a chur ar fáil le haghaidh cruinnithe Boird;
- feidhmiú mar Chathaoirleach ag cruinnithe Boird agus cinntí soiléire agus cóimheá ionchuir idir Comhaltaí Boird agus an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin/an Fheidhmeannacht a bheith mar shaintréithe den obair sin;
- a chinntiú gurb ionann miontuairiscí cruinnithe ina dtaifead cruinn ar na cinntí a ndéantar;
- gach cruinniú den Bhord a sheoladh de réir Chód Iompair Gnó an Údaráis agus feidhmíocht an Bhoird a mheasúnú go cuí;
- a chinntiú go dtuigeann comhaltaí an Bhoird a róil agus a bhfreagrachtaí faoi seach agus go n-oibríonn an Bord go héifeachtach agus go héifeachtúil;
- Tuarascáil Chuimsitheach a thabhairt don Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige i dtuarascáil bhliantúil agus i ráitis airgeadais an chomhlachta Stáit i gcomhréir leis na socruithe Airgeadais agus Tuairiscithe atá ann faoin gCód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit;

Bainistíocht a dhéanamh ar na príomhghnéithe den chaidreamh/chumarsáid leo seo a leanas:

- an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin; lena n-áirítear measúnú ar fheidhmíocht an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin;
- an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige;
- páirtithe tábhachtacha eile agus trí obair agus misean an Údaráis a chur chun cinn;
- an Bord, agus meas, iontaoibh agus oscailteacht á léiriú d'fhonn ceisteanna dúshlánacha agus ionchur dúshlánach a éascú;
- an Fochoiste (na Fochoistí) cuí de chuid an Oireachtais.

An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Leis an Acht Uchtála 2010, foráiltear gurb é/í an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an tOifigeach Cuntasaíochta d'Údarás Uchtála na hÉireann agus tá sainmhíniú soiléir ann ar an gcreat cuntasachta ina n-oibríonn Údarás Uchtála na hÉireann. Tá tacaíocht le fáil ina leith sin tríd an gcreat rialachais agus trí na socruithe rialachais chorparáidigh laistigh den eagraíocht.

Tá an Bord cuntasach don Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige agus, tríd an Aire, tá cuntasach don Rialtas. Ina theannta sin, tá sé cuntasach, tríd an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, don Oireachtas i bhfoirm an Choiste um Chuntais Phoiblí agus coistí eile den chuid an Oireachtais. Ní mór don Bhord tuarascáil bhliantúil agus cibé faisnéis eile a éileoidh an tAire a thíolacadh.

Tá freagracht ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin i ndáil leis na nithe seo a leanas:

- beartais atá ceadaithe ag an mBord a chur i bhfeidhm;
- bainistíocht na foirne ó lá go lá;
- cúrsaí riaracháin agus gnó Údarás Uchtála na hÉireann;
- ullmhú an bhuiséid bhliantúil lena cheadú ag an mBord agus an buiséad sin a chur faoi bhráid an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige;
- faisnéis uasdátaithe a sholáthar don Bhord agus do choistí eile de chuid an Bhoird maidir le bainistiú Údarás Uchtála na hÉireann;
- beartas a chur i bhfeidhm agus dul chun cinn maidir leis an bplean straitéiseach.

# Rialachas Corparáideach

**Ginearálta**

Is é an tAcht Uchtála 2010 an bonn reachtach a bhaineann le bunú an Údaráis. Oibríonn an tÚdarás de réir phrionsabail an dea-chleachtais ó thaobh rialachas corparáideach de i gcomhréir leis an Acht Uchtála 2010 agus, más infheidhme, i gcomhréir leis na treoirlínte atá leagtha amach sa Chód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016.

**Rialú Airgeadais**

Déantar an buiséad d'Údarás Uchtála na hÉireann a leithroinnt tríd an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige. Sa bhliain 2017, ba é a bhí i leithroinnt airgeadais an Údaráis Uchtála ná €3.8 milliún.

Mar atá leagtha amach in Alt 112 den Acht Uchtála 2010, tá freagracht ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin i ndáil le Ráitis Airgeadais a ullmhú agus i ndáil le rialtacht idirbhearta an Údaráis a chinntiú.

I measc na bhfeidhmeanna is buntaca do na freagrachtaí sin áirítear íocaíochtaí i leith earraí agus seirbhísí a údarú, agus faireachán a dhéanamh air sin, próisis tairisceana, agus tuairisceáin mhíosúla a thiomsú don Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.

Tagann na Ráitis Airgeadais faoi réir a n-iniúchta ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Go hiondúil, ní bhíonn iniúchadh ar na Ráitis Airgeadais le haghaidh bliain áirithe curtha i gcrích an tráth a bhfoilsítear an tuarascáil bhliantúil iomchuí. Cuirfear tús le hiniúchadh chuntais na bliana 2017 i Meitheamh 2018. Tar éis d'Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste Ráitis 2017 a cheadú, foilseofar iad ar láithreán gréasáin an Údaráis.

Ba é *Crowley's DFK*, Cuntasóirí Cairte, a chuir seirbhísí cuntasaíochta ar fáil don Údarás i rith na bliana 2017.

**Rialú Airgeadais Inmheánach**

Tá freagracht fhoriomlán ar an mBord i ndáil le rialú airgeadais inmheánach Údarás Uchtála na hÉireann. Déanann sé an fhreagracht i ndáil le faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht na bainistíochta riosca agus na timpeallachta rialaithe inmheánaigh a tharmligean don Choiste Rioscaí agus Iniúchta. Faigheann an coiste tuarascálacha rialta ón lucht bainistíochta, ón bPríomhoifigeach Rioscaí, ón iniúchadh inmheánach, agus ó iniúchóirí seachtracha. Tá na socruithe sin ceaptha chun bainistíocht a dhéanamh ar na rioscaí atá ann d'Údarás Uchtála na hÉireann, seachas deireadh a chur leis na rioscaí sin.

**Bainistíocht Bhuiséid**

Déanann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an Lucht Bainistíochta Sinsearach buiséad bliantúil a ullmhú ar bhonn riachtanais oibriúcháin agus forbartha Údarás Uchtála na hÉireann. Molann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an buiséad bliantúil don Bhord lena cheadú. Déantar an fhreagracht i ndáil le bainistíocht a dhéanamh ar chaiteachas ó lá go lá de réir teorainneacha buiséid a shannadh don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus don Cheann Comhlíontachta agus Acmhainní, agus bíonn tacaíocht acu ó shainchomhairleoirí airgeadais an Údaráis, is é sin, *Crowley's*

*DFK*. Déantar dlúthfhaireacháin ar bhuiséid agus tugtar tuarascálacha míosúla don Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin.

**An Coiste Rioscaí agus Iniúchta**

Tá duine seachtrach ann mar chathaoirleach ar an gCoiste Rioscaí agus Iniúchta agus tá comhalta amháin den bhord ann mar aon le comhalta seachtrach eile ag a bhfuil oilteacht shuntasach ghnó agus taithí suntasach gnó a mhéid a bhaineann leis an earnáil phoiblí agus leis an earnáil phríobháideach.

Bíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an Ceann Comhlíontachta agus Acmhainní i láthair ag gach cruinniú den choiste. Tháinig an Coiste le chéile ceithre huaire i rith na bliana 2017 agus bhuail sé le hionadaithe de chuid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus le hiniúchóirí inmheánacha. I dTuarascáil Bhliantúil 2017 an Choiste, léiríodh sástacht leis an timpeallacht ghinearálta rialaithe airgeadais a bhí i bhfeidhm san Údarás.

Tá ról bunúsach ag an gCoiste maidir lena chinntiú go bhfeidhmíonn Údarás Uchtála na hÉireann de réir caighdeáin arda rialachais, chuntasaíochta agus iniúchóireachta agus go nglacann sé socruithe cuí ó thaobh cúrsaí bainistíochta agus rioscaí de. Déanann sé amhlaidh trí fhormhaoirseacht a dhéanamh, agus trí chomhairle a thabhairt don Bhord agus don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, ina cháil mar Oifigeach Cuntasaíochta, maidir leis na nithe seo a leanas:

- gníomhaíochtaí beartaithe agus torthaí oibre i dtaca le hiniúchadh inmheánach agus iniúchadh seachtrach de;
- dóthanacht fhreagairt an lucht bainistíochta i leith saincheisteanna a sainaithníodh mar thoradh ar ghníomhaíocht iniúchóireachta, lena n-áirítear litir uiríll ó lucht bainistíochta an iniúchta sheachtraigh;
- deimhnithe maidir le bainistiú rioscaí agus maidir leis na ceanglais rialachais chorparáidigh a bhaineann le hÚdarás Uchtála na hÉireann;
- tograí maidir le tairiscint a eisiúint chun seirbhísí iniúchta inmheánaigh nó sheachtraigh a fháil nó chun seirbhísí neamhiniúchóireachta a cheannach ó chonraitheoirí a sholáthraíonn seirbhísí iniúchóireachta;
- beartais frithchalaoise, próisis maidir le nochtadh cosanta, agus socruithe a bhaineann le himscrúduithe speisialta; agus
- déanann an Coiste Rioscaí agus Iniúchta athbhreithnithe tréimhsiúla ar a éifeachtacht féin agus tugann sé tuarascáil faoi thorthaí athbhreithnithe den sórt sin don Bhord.

Bhí na nithe seo a leanas san áireamh i gclár oibre an Choiste sa bhliain 2017:

- Dréachtráitis bhliantúla airgeadais 2016 a thíolacadh lena bplé agus lena gceadú;

- Athbhreithniú Iniúchta Inmheánaigh 2016 ar éifeachtacht chóras na rialuithe airgeadais inmheánacha;
- Tuarascáil Athbhreithnithe 2016 an Iniúchta Inmheánaigh maidir leis an athbhreithniú ar Chroíphróisis Ghnó;
- Torthaí an athbhreithnithe féinmheasúnachta ar éifeachtacht;
- Dréacht-Tuarascáil Bhliantúil an Choiste Rioscaí agus Iniúchta don Bhord;
- Plé agus ceadú i leith Chlár Rioscaí 2017;
- Plé agus ceadú i leith Phlean Iniúchta Inmheánaigh 2017;
- Seicliosta Rialuithe Inmheánacha;
- Cuntais Bhainistíochta;
- Tuarascáil Iniúchta Inmheánaigh - ullmhacht i leith GDPR;
- Cód Cleachtais 2016 Anailís ar Bhearnaí & tuarascálacha ar dhul chun cinn maidir le comhlíontacht
- Máistir-Bhuiséad 2017;
- Plean Oibre 2017 an Choiste Rioscaí agus Iniúchta;
- Iniúchadh an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar Ráitis Airgeadais 2016;

**Feidhm an Iniúchta Inmheánaigh**

Is é atá in iniúchadh inmheánach ná feidhm neamhspleách mheasúnaithe arb é an ról atá aige deimhniú a thabhairt don Bhord, don Choiste Rioscaí agus Iniúchta, don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus do gach leibhéal bainistíochta maidir le dóthanacht agus éifeachtacht na gcóras rialachais, riosca agus rialuithe inmheánacha atá á n-oibriú laistigh d'Údarás Uchtála na hÉireann.

Déantar feidhm an Iniúchta Inmheánaigh a sheachfhoinsiú. Oibrítear an fheidhm sin de réir cairt iniúchta atá ceadaithe ag an mBord agus de réir plean bliantúil iniúchta atá ceadaithe ag an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus ag an gCoiste Rioscaí agus Iniúchta. Le linn iniúchtaí a dhéanamh, comhlíonann an conraitheoir Caighdeáin na hInstitiúide Iniúchta Inmheánaigh, mar atá oiriúnaithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe lena n-úsáid i ranna rialtais. Cuirtear gach tuarascáil ar iniúchadh go díreach faoi bhráid an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin agus don Choiste Rioscaí agus Iniúchta agus faigheann siad sin tuarascálacha tréimhsiúla freisin ina dtaispeántar an dul chun cinn i gcomparáid leis an bplean. Chuir na hiniúchóirí inmheánacha 2 iniúchadh i gcrích sa bhliain 2017 - iniúchadh ar rialuithe airgeadais inmheánacha i Márta 2017 agus athbhreithniú ar ullmhacht i dtaca leis na Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) mí Dheireadh Fómhair 2017. Bhí rátáil 'sásúil' ann i leith an dá iniúchadh sin. Glacadh le moltaí a rinneadh faoi ullmhacht i dtaca le GDPR agus bhí obair ina leith sin ar siúl i gcónaí ag deireadh na bliana 2017.

**Bainistiú rioscaí**

Cothaíonn bainistiú éifeachtach rioscaí dea-rialachas. Mar chuid dá chreat rialachais, tá próiseas bainistithe rioscaí, faoi cheannas an lucht bainistíochta, curtha i bhfeidhm ag an Údarás. Soláthraíonn an Bord ceannaireacht i dtaca le bainistiú rioscaí a chur chun cinn agus faightear tacaíocht ina leith sin ón gCoiste Rioscaí agus Iniúchta agus ón Lucht Bainistíochta Sinsearach. Tá creat agus beartas bainistithe rioscaí an Bhoird ceadaithe ag Údarás Uchtála na hÉireann.

Déantar foráil leis sin maidir le cur chuige pleanáilte córasach i leith raon aicmí riosca a shainaithint agus a bhainistiú: airgeadas, soláthar seirbhísí, bonneagar (foirgnimh agus Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide), daoine, comhlíontacht agus rialachas, agus tionscadail.

Tá an Príomhoifigeach Rioscaí ina bhall/ball den Lucht Bainistíochta Sinsearach agus tuairiscíonn sé/sí go díreach don Choiste Iniúchta agus don Bhord. Dréachtaíodh Clár Rioscaí athbhreithnithe i Márta 2017 agus cuireadh faoi bhráid an Choiste Rioscaí agus Iniúchta é chun ceadú a fháil uaidh ag an gcruinniú i mí Bhealtaine. Sa Chlár sin, leagtar amach na mór-rioscaí atá ann d'Údarás Uchtála na hÉireann, mar aon leis na rialuithe agus na gníomhartha atá ann faoi láthair chun maolú a dhéanamh orthu, agus sainaithnítear úinéirí agus spriocdhátaí maidir le cur i bhfeidhm. Déantar rioscaí a aicmiú mar Ard, Meánach agus Íseal. Rinneadh tuarascáil faoi na hítimí lena ngabhann Riosca Ard a thabhairt don Bhord gach mí.

**Earraí agus Seirbhísí a Fháil**

Oibríonn Údarás Uchtála na hÉireann faoi na Treoirlínte maidir le Soláthar Poiblí ina dtugtar na treoracha a bhaineann le gach gníomhaíocht bheartais soláthair agus lena gcinntítear go gcomhlíontar agus go n-urramaítear na cuspóirí agus na príomhphrionsabail atá ann mar bhuntaca do rialacha náisiúnta agus rialacha AE, mar atá, iomaíocht, cóir chomhionann agus trédhearcacht. Baineann Údarás Uchtála na hÉireann leas as conarthaí a bhainistítear go lárnach agus atá curtha i bhfeidhm ag an Oifig um Sholáthar Rialtais, lena n-áirítear conarthaí chun stáiseanóireacht agus soláthairtí oifige, seirbhísí fótachóipeála agus seirbhísí taistil coigríche a fháil. Leanann Údarás Uchtála na hÉireann de bheith i dteagmháil leis an Oifig um Sholáthar Rialtais chun comhairle a fháil faoi riachtanais soláthair atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo. Cuireadh tús le próiseas soláthair i ndáil le Seirbhísí Dlí ag deireadh na bliana 2017 agus táthar ag súil go mbeidh conradh nua i bhfeidhm go luath sa bhliain 2018.

**Tuarascáil Bhliantúil Údarás Uchtála na hÉireann faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014**

Leis an Acht um Nochtadh Cosanta 2014, éascaítear d'oibrithe ábhar imní a ardú maidir le héagóir nó maidir le héagóir ionchasach san áit oibre trí chineálacha áirithe cosanta a chur ar fáil dóibh i gcoinne gníomhaíocht a bhféadfaí a thionscnamh ina n-aghaidh dá ndéanfaidís amhlaidh.

Tá foráil ann san Acht maidir le modhanna éagsúla i leith nochtadh cosanta a dhéanamh ag brath ar na himthosca agus tugtar cosaint maidir le nochtadh a dhéanann oibrithe, lena n-áirítear fostaithe reatha nó iarfhostaithe, conraitheoirí reatha agus iarchonraitheoirí, oiliúnaithe reatha agus iaroiliúnaithe, foireann reatha ghníomhaireachta agus iar fhoireann ghníomhaireachta agus intéirnigh reatha nó iarintéirnigh.

Cheadaigh an Bord beartas maidir le nochtadh cosanta ag a gcruinniú i mí Bhealtaine 2017. Cuireadh an beartas in iúl do gach duine den fhoireann, tá sé foilsithe i Lámhleabhar Oibríochtaí an Údaráis agus tá faisnéis faoin mbeartas le fáil i Lámhleabhar na bhFostaithe freisin.

Le hAlt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014, ceanglaítear Tuarascáil Bhliantúil a fhoilsiú gach bliain maidir leis an líon nochtaí cosanta a rinneadh an bhliain roimhe sin agus maidir le haon ghníomhartha a rinneadh mar fhreagra ar na nochtaí sin.

De bhun an cheanglais sin, daingníonn Údarás Uchtála na hÉireann nach bhfuarthas aon tuairiscí agus/nó nach bhfuil aon tuairiscí á n-imscrúdú de réir fhorálacha an Achta um Nochtadh Cosanta 2014, i leith na bliana airgeadais ón 1 Eanáir 2017 go dtí an 31 Nollaig 2017.

# Athbhreithniú Arphlean Corparáideach 2016-2019 agus ar Phleangnó 2017 an Údaráis

**Forléargas**

Is í an bhliain 2017 an dara bliain den Phlean Corparáideach 3 bliana. Tharla líon suntasach athruithe i réimse na huchtála ón tráth ar foilsíodh Plean 2016-2019.
Lean Údarás Uchtála na hÉireann de na spriocanna atá leagtha amach sa Phlean a bhaint amach, i gcás ina raibh sé sin indéanta, agus rinneadh na hathruithe a chur san áireamh sa Phlean Corparáideach agus sa Phlean Bliantúil Gnó de réir mar ba ghá.

**Prionsabail**

Le linn Plean Corparáideach 2016-2019 a cheapadh, shainaithin Údarás Uchtála na hÉireann ceithre phríomhphrionsabal a bheadh ann mar threoir dá mhisean, dá spriocanna ardleibhéil, dá chuspóirí agus don obair a bhí le déanamh. Trí na prionsabail sin a chur i bhfeidhm, chinnteodh Údarás Uchtála na hÉireann gurb é leas an linbh príomhchuspóir gach ceann dá chinntí, de réir Alt 19 den Acht Uchtála 2010. Ba iad seo a leanas na ceithre phrionsabal a sainaithníodh:

- Leanbh-Lárnachas
- Sármhaitheas
- Cuntasacht trí Chleachtas Eiticiúil agus trí Thrédhearcacht
- Meas

**Spriocanna**

Sainaithníodh cúig phríomhsprioc agus roinnt cuspóirí sonracha agus tá siad curtha san áireamh i ngach plean gnó bliantúil.

**An Plean Gnó**

Tá na pleananna gnó bliantúla ceaptha chun díriú ar na cuspóirí atá leagtha amach sa Phlean Corparáideach trí thascanna a shainaithint atá le cur i gcrích ar fud na bliana. Déantar an plean gnó a athbhreithniú go tréimhsiúil agus uasdátaítear é de réir mar is gá. Déanfar athbhreithnithe ar an bPlean Gnó, agus faisnéis uasdátaithe faoin bplean gnó, a chur faoi bhráid na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige ar bhonn ráithiúil sa bhliain 2018 i gcomhréir leis an gComhaontú Soláthair Feidhmíochta leis an Roinn.

**Sprioc #1 - "An caighdeán is airde a bhaint amach i ndáil le rialáil agus oibriú seirbhísí uchtála in Éirinn."**

Trí chur leis an obair ar cuireadh tús léi sa bhliain 2016, lean Údarás Uchtála na hÉireann de chigireachtaí sceidealaithe a dhéanamh ar chomhlachtaí creidiúnaithe. Maidir leis an obair le comhlachtaí creidiúnaithe i mbliana, bhain gné nua léi, is é sin le rá, foirceannadh eagraithe roinnt comhlachtaí creidiúnaithe a raibh cinneadh déanta acu scor de na seirbhísí a raibh creidiúnú faighte acu ina leith. Ní bhfuarthas aon iarratais nua ar chreidiúnú sa bhliain 2017.

Lean Údarás Uchtála na hÉireann dá chaidreamh éifeachtach le húsáideoirí seirbhíse agus lena dtacadóirí, le soláthróirí seirbhíse, le déantóirí beartais agus leis an Rialtas d'fhonn feabhsuithe cáilíochta leanúnacha a chur i bhfeidhm inár gcuid seirbhísí uchtála. Mar thoradh ar thionscadal a ndeachthas ina bhun i gcomhar le hOifig an Ombudsman do Leanaí agus le roinnt daoine óga a uchtaíodh le déanaí, rinneadh roinn nua a chruthú ar ár láithreán gréasáin go sonrach do dhaoine óga. I mí na Samhna 2017, rinneadh dhá bhileog nua faisnéise, ceann amháin do leanaí faoi bhun 7 mbliana d'aois agus ceann eile do leanaí os cionn 7 mbliana d'aois, a lainseáil go foirmiúil agus tá siad ar fáil lena n-íoslódáil ón láithreán gréasáin. Ina theannta sin, rinneadh an chéad chur i láthair i bhfoirm físeáin ar an láithreán gréasáin a lainseáil i roinn na ndaoine óga den láithreán gréasáin - https://www.aai.gov.ie/young-people.

| Gníomhartha | Dul chun cinn ag deireadh na bliana 2017 |
|---|---|
| Faoi réir na reachtaíochta atá á rith agus á hachtú, bailchríoch a chur ar fhoirmeacha agus ar threoirlínte ar gá iad a athbhreithniú chun reachtaíocht nua a chomhlíonadh.<br><br>Ranna iomchuí den láithreán gréasáin a uasdátú. | Mar thoradh ar achtú an Achta Uchtála (Leasú) 2017, bhí gá le leaganacha athbhreithnithe d'fhoirmeacha toilithe roimh shuíomh. Bhí na foirmeacha sin ann tar éis shíniú I.R. Uimh. 606 de 2017 i mí na Samhna 2017.<br><br>Athbhreithníodh foirmeacha ábhartha neamhreachtúla eile chun lánúnacha pósta, lánúnacha i bpáirtnéireacht shibhialta agus comhchónaitheoirí a chur san áireamh.<br><br>Bhí an tÚdarás i dteagmháil leis an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh (NALA) lena chinntiú go mbeadh Caint Shoiléir á húsáid san oiread doiciméad agus ab fhéidir.<br><br>Rinneadh na foirmeacha athbhreithnithe go léir a fhoilsiú ar an láithreán gréasáin.<br><br>I mí na Samhna, d'fhoilsigh an tÚdarás FAQ-anna (Ceisteanna a chuirtear go minic) faoin Acht Uchtála (Leasú) ar an láithreán gréasáin. |
| Achoimre fheidhmiúcháin ar chigireachtaí 2016 a fhoilsiú ar an láithreán gréasáin.<br><br>Na gníomhaireachtaí go léir a sholáthraíonn seirbhísí uchtála a athchreidiúnú agus athchlárú.<br><br>Faireachán a dhéanamh ar fhéintuairisciú ag gníomhaireachtaí creidiúnaithe agus an Bord a choimeád ar an eolas faoi stádas gníomhaireachtaí creidiúnaithe ar bhonn míosúil.<br><br>Gníomhaireachtaí nua a dhéanann iarratas a chreidiúnú<br><br>Seirbhísí idirghabhála don Téalainn & do na hOileáin Filipíneacha a chineachadh do HHAMA. | Curtha i gcrích.<br><br>Níor athchreidiúnaíodh ach gníomhaireacht amháin sa bhliain 2017.<br><br>Faireachán déanta ar spriocdhátaí le haghaidh tíolacadh tuarascálacha agus teagmháil déanta láithreach le gníomhaireachtaí creidiúnaithe murar baineadh na spriocdhátaí amach. Cuirtear tuarascálacha agus faisnéis uasdátaithe san áireamh mar ítimí Cláir Oibre ar laethanta Boird "iomlán"<br><br>Ní raibh ain iarratais nua ann sa bhliain 2017.<br><br>Tá HI-IAMA chun tús a chur le caibidlíochtaí leis na hOileáin Fhilipíneacha sa bhliain 2018.<br><br>Táthar ag fanacht le freagra ó Údarás Lárnach agus ó Ambasáid na Téalainne. |

| | |
|---|---|
| Scríobh chuig an dá thír chun ceadú a lorg i leith oibríochtaí intíre HHAMA. | |
| Seimineáir & Fóraim a Sheoladh/Óstáil | Seoladh seimineáir<br><br>3 Bealtaine - *Exploring Information and Tracing* |
| Socruithe a dhéanamh maidir le cainteoirí, saoráidí agus doiciméid tacaíochta do gach imeacht ar leith. | 30 Samhain - Cleachtas Uchtála tar éis achtú an Achta Leasaithigh. Féach leathanach 47 chun tuilleadh mionsonraí a fháil.<br><br>Seoladh fóraim<br>30 Márta - Faisnéis agus Lorgaireacht<br>4 Aibreán - An tOibrí Sóisialta agus an Comhairleoir Liachta<br>25 Deireadh Fómhair - Faisnéis agus Lorgaireacht<br>16 Samhain - An tOibrí Sóisialta agus an Comhairleoir Liachta Féach leathanach 43 chun tuilleadh mionsonraí a fháil. |
| Comhairliúchán le geallsealbhóirí.<br>Dhá chruinniú Boird lasmuigh de Bhaile Átha Cliath a sceidealú, ceann amháin i nGaillimh agus ceann eile i bPort Láirge.<br><br>Tar éis cheardlann 2016 maidir leis an Ombudsman do Leanaí, aiseolas a fháil ó na rannpháirtithe faoi na feabhsuithe a rinneadh ar na saoráidí agus ar ár láithreán gréasáin do dhaoine óga. | Cuaird na Gaillimhe curtha i gcrích, cuaird Phort Láirge curtha siar go dtí go gceapfaí Príomhoifigeach/Rúnaí Boird nua. Le hathsceidealú i mí Aibreáin 2018.<br><br>Bhí moill leis an gcomhairliúchán maidir le Guth an Linbh nuair ab éigean fanacht le foilsiú bileog agus físeán ar roinn na ndaoine óga ar an láithreán gréasáin. Foilsíodh na bileoga agus na físeáin sin ag deireadh mhí na Samhna agus lainseáladh go foirmiúil iad ag seimineár ar an 30 Samhain.<br><br>Tá tuilleadh gníomhaíochta ina leith seo le sceidealú a luaithe is féidir sa bhliain 2018. |

| | |
|---|---|
| Feabhas a chur ar limistéir phoiblí de chuid an Údaráis. | Athchóiríodh na trí sheomra cruinnithe le go mbeidís níos compordaí agus níos áisiúla dár gcliaint. Dearadh agus maisíodh seomra amháin go sonrach lena bheith tarraingteach do dhaoine san aoisghrúpa 12 - 17.<br><br>Athfheistíodh an príomhlimistéar fáiltithe agus cuireadh troscán dathannach isteach ann. Cuireadh stoc nua leabhar agus bréagán isteach i gcuid na leanaí den limistéar fáiltithe.<br><br>Athchóiríodh Seomra an Bhoird agus an seomra oiliúna agus chuir Oifig na nOibreacha Poiblí saothair ealaíne níos oiriúnaí ar fáil agus suiteáladh na saothair sin i ngach limistéar poiblí. |
| An Láithreán gréasáin a chur chun cinn agus a fhorbairt.<br><br>Roinn den láithreán gréasáin a chruthú agus a fhorbairt go sonrach do dhaoine óga. | Foilsíodh roinn na ndaoine óga ar an láithreán gréasáin i mí an Mheithimh agus tá an t-aiseolas atá faighte faoi go dtí seo an-dearfach.<br><br>Rinneadh na bileoga agus na físeáin do dhaoine óga a fhoilsiú ar an láithreán gréasáin i mí na Samhna/na Nollag. Uasdátaíodh an láithreán gréasáin ó thaobh dathanna agus leagain amach de. |

**Sprioc #2 - "Cinnteoireacht eolasach chothrom a chur i bhfeidhm i ndáil le seirbhísí uchtála, de réir an dlí náisiúnta agus idirnáisiúnta agus de réir dea-chleachtas fianaise-bhunaithe."**

Bhuail Údarás Uchtála na hÉireann leis an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach agus le comhlachtaí creidiúnaithe go tráthrialta chun tionchar na n-athruithe reachtacha a phlé. Bhí an plé dírithe ar dheimhin a dhéanamh de go ndéanfaí nósanna imeachta agus próisis a athbhreithniú agus a shruthlíniú chun ligean dúinn leanúint den chuspóir maidir le cinnteoireacht eolasach thráthúil a bhaint amach.

Go hinmheánach, uasdátaíodh Lámhleabhar Oibríochtaí an Údaráis de réir mar ba ghá. Lean Údarás Uchtála na hÉireann de theagmháil agus caidreamh a choimeád ar bun trí chuairteanna straitéiseacha le hÚdaráis Lárnacha Náisiúnta. Sa bhliain 2017, tugadh cuairt ar Háítí agus ar an mBulgáir. Tá tuilleadh mionsonraí faoi na cuairteanna sin le fáil ar leathanaigh 38 agus 39.

| Gníomhartha | Dul chun cinn ag deireadh na bliana 2017 |
|---|---|
| Cinntí eolasacha tráthúla a dhéanamh maidir leis na nithe seo a leanas:<br>- deonú dearbhuithe incháilitheachta agus oiriúnachta chun uchtáil a dhéanamh<br>- orduithe uchtála a dhéanamh<br>- orduithe uchtála idirtíortha a aithint<br>- tarchur Airteagal 17 | Chun cabhrú leis an mBord maidir le próisis chinnteoireachta, cuireann an Fheidhmeannacht comhsheasmhacht i bhfeidhm maidir le formáid na gcásanna a thíolactar. Cuirtear cinntí an Bhoird in iúl don Fheidhmeannacht a luaithe is féidir le gur féidir iarratais a chur ar aghaidh agus le gur féidir déileáil le hiarratais de réir ráta cothrom ó thaobh ama de.<br><br>Déantar faireachán ar gach próiseas agus ar gach nós imeachta d'fhonn feabhsuithe a dhéanamh más gá. Uasdátaítear an Lámhleabhar Oibríochtaí dá réir.<br><br>Tá prótacail ann chun déileáil le mírialtachtaí a thagann chun cinn chomh tapa agus is féidir.<br><br>Tá léiriú ar an dul chun cinn le fáil i staitisticí míosúla agus bliantúla a fhoilsítear ar an láithreán gréasáin. |
| Na huchtálacha go léir dóibh siúd atá ag tarraingt ar 18 mbliana d'aois a chur i gcrích. | Go dtí seo, tá na hiarratais go léir ar uchtáil leanaí atá gar d'aois 18 curtha i gcrích. Tá córas luathrabhaidh ag Tusla agus ag AAI chun aird a tharraingt ar leanaí atá gar d'aois 18.<br><br>Tús áite tugtha don phróiseas uchtála agus cásanna criticiúla curtha in iúl don Bhord. Tá sraith chomhaontaithe critéar maidir le hathbhreithniú na gcásanna sin ag an mBord curtha i bhfeidhm idir Tusla agus AAI.<br><br>Más iomchuí, déantar práinn cásanna iomchuí a chur in iúl don Ard-Chúirt trí chomhairleoirí dlí AAI. |

| | |
|---|---|
| Cinntí eolasacha tráthúla a dhéanamh maidir le scaoileadh faisnéise aitheantais chuig uchtaithe aosacha agus chuig tuismitheoirí breithe. | Maidir le cinntí tarmligthe, an t-am a thógann sé chun déileáil leo a choimeád cothrom.<br><br>Comhairliúchán idir an tAonad Faisnéise & Lorgaireachta, an tAonad Oibre Sóisialta agus comhlachtaí creidiúnaithe d'fhonn freagraí tráthúla a thabhairt ar iarrataí.<br><br>Tugtar leatháin chuimsitheacha cáis don Bhord chun ligean dóibh cinntí a dhéanamh go tráthúil de réir mar is gá. |
| Leanúint den Acht um Shaoráil Faisnéise agus den Acht um Chosaint Sonraí a chur i bhfeidhm. | Tá oiliúint chuí faighte ag daoine ar leith den fhoireann agus faigheann gach duine eile den fhoireann faisnéis uasdátaithe de réir mar is gá.<br><br>Rinneadh Oifigeach Cosanta Sonraí a cheapadh.<br><br>Tá roinnt daoine den fhoireann tar éis freastal ar sheisiúin eolais agus oiliúna mar chuid den ullmhúchán le haghaidh GDPR agus tá faisnéis uasdátaithe faighte ag an bhfoireann maidir le himpleachtaí na Rialachán nua. |
| | Tá tuairim dhlíthiúil faighte ag an Údarás maidir le réimsí ardleibhéil de chuid GDPR a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le deacrachtaí don Údarás.<br><br>Rinneadh iniúchadh ar ullmhacht le haghaidh GDPR i Meán Fómhair 2017.<br><br>Foilsítear staitisticí Saorála Faisnéise ar an láithreán gréasáin. |
| Córas comhtháite bainistíochta sonraí agus doiciméad a bhunú. | Tá scóipeáil mhionsonraithe curtha i gcrích agus cuirfear an obair sa réimse seo ar aghaidh go luath sa bhliain 2018/i lár na bliana 2018, ach sin ag brath ar acmhainní a bheith ar fáil. |
| Faireachán a dhéanamh ar rioscaí i leith Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide agus aghaidh a thabhairt air sin | Tá Measúnacht Rioscaí Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide ann mar chuid den Phlean Iniúchta Inmheánaigh 2017/2018<br><br>Tá rioscaí sainaitheanta i gClár na Rioscaí.<br><br>Coimeádann AAI caidreamh leanúnach ar bun leis an lucht Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide<br>sa Roinn Sláinte agus tá an Comhaontú Leibhéil Seirbhíse á athbhreithniú aige i bhfianaise GDPR. |
| Caidreamh le hÚdaráis Lárnacha Náisiúnta Choinbhinsiún na Háige de réir an | Tugadh cuairt ar an mBulgáir i Meán Fómhair 2017; tá mionsonraí ina leith sin le fáil ar leathanach 38; agus foilsíodh tuarascáil achomair iomlán ar an láithreán gréasáin.<br>https:/ (www.aai.gov.ie/adoption(intercountry/countryinformation/bulgaria.html<br><br>Cuireadh an chuairt ar Háítí i gcrích agus tá an clár ar oscailt anois. Rinneadh fógra á rá sin a fhoilsiú ar an láithreán gréasáin ar an 20 Meitheamh 2017. |

| | |
|---|---|
| Phlean Chorparáidigh.<br><br>Féachaint le féidearthacht a bhunú ar dá réir a bheadh clár 'Uchtáil Idir Tíortha' ann i gcomhar le Háítí & leis an Afraic Theas. | Ag deireadh na bliana 2017, ní raibh dul chun cinn déanta maidir leis an gcaidreamh leis an Afraic Theas. |

**Sprioc #3 - "Eolas a chur ar fáil le haghaidh an bheartais uchtála agus le haghaidh soláthar seirbhísí, agus tionchar a imirt ar na nithe sin, trí chreat cuimsitheach faisnéise, taighde agus cumarsáide a chur ar fáil."**

Tá ár láithreán gréasáin á fhorbairt mar fhoinse faisnéise cuimsithí do dhaoine den phobal. Foilsítear staitisticí ar bhonn míosúil. Rinneadh eolaire na seirbhísí iaruchtála, a bunaíodh sa bhliain 2016, a athbhreithniú agus a uasdátú de réir mar ba ghá.

I mí Feabhra, fuaireamar gradam 'doiciméad ardmholta' le linn *NALA Plain English Awards* a seoladh sa Leabharlann Dlí, Plás Blackhall, Baile Átha Cliath 7. Bhain an gradam go sonrach le Gluais Téarmaí atá foilsithe ar ár láithreán gréasáin chun cabhrú le húsáideoirí cuid den bhéarlagar a ghabhann le cúrsaí uchtála in Éirinn a thuiscint. Rud níos tábhachtaí ná sin, is ionann an gradam agus siombail dár dtiomantas i leith caint shoiléir inár gcuid foilseachán ginearálta agus inár n-idirghníomhaíocht leis an bpobal ó lá go lá. Tá freagracht leanúnach ar Údarás Uchtála na hÉireann rochtain ar ár róil agus ar ár bhfeidhmeanna éagsúla a shimpliú, go háirithe do dhaoine den phobal.

Leanann Údarás Uchtála na hÉireann de fhreagra a thabhairt ar iarrataí ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige. ar chúnamh i ndáil le Ceisteanna Parlaiminte. Maidir le cúrsaí beartais, soláthraímid faisnéis agus tíolacaimid moltaí maidir le hathruithe ar bheartas agus ar reachtaíocht. I dtaca lenár gcúram maidir le deiseanna taighde agus acmhainn taighde a shaothrú agus a chur chun cinn, tá dhá phíosa taighde coimisiúnaithe againn agus tá post mar Oifigeach Taighde á chur ar fáil againn den chéad uair ó bunaíodh Údarás Uchtála na hÉireann.

| Gníomhartha | Dul chun cinn ag deireadh na bliana 2017 |
|---|---|
| An láithreán gréasáin a fheabhsú agus a fhorbairt mar phríomhfhoinse faisnéise don phobal. | Déanann Seirbhísí Corparáideacha faireachán agus cothabháil ar an láithreán gréasáin.<br><br>Déantar uasdátú agus ceartú tar éis fógraí a fháil ó chomhghleacaithe agus ó úsáideoirí eile.<br><br>Foilsíodh faisnéis do dhaoine óga. Bíonn an fhaisnéis infheicthe láithreach ar an leathanach baile.<br><br>Rinneadh Eolaire na Seirbhísí Iaruchtála a fhoilsiú agus a uasdátú de réir mar ba ghá.<br><br>Foilsíodh fógraí thar ceann comhlachtaí creidiúnaithe agus geallsealbhóirí eile ar fud na bliana. |
| Tionscadail taighde a chur i gcrích, deiseanna taighde a chur chun cinn. | Conradh i bhfeidhm agus cuireadh tús leis an gcéad tionscadal taighde i Ráithe 4, is é sin, tiomsú taighde Éireannaigh ar chúrsaí uchtála.<br><br>Tá an tsonraíocht phoist le haghaidh Oifigeach Taighde (conradh 3 bliana) dréachtaithe. Tá cead faighte ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus tá sé beartaithe an post a fhógairt sa bhliain 2018. |

| | |
|---|---|
| Soiléire i dtaca le cumarsáid leis an bpobal & le geallsealbhóirí, lena n-áirítear féiniúlacht chorparáideach. | Measúnú a dhéanamh ar an gcumarsáid ó bhéal, i scríbhinn agus leictreonach mar atá faoi láthair. Straitéis a ullmhú chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh, lena n-áirítear caidreamh le NALA. Obair leanúnach le NALA, de réir mar is gá.<br><br>Tá páipéarachas sainchlóite agus duillíní dea-mhéine priontáilte ar aon dul le lógó AAI ar an láithreán gréasáin. A thuairisciú go bhfuil teimpléid chlúdaigh agus teimpléid chur i láthair ann.<br><br>Déantar lógó AAI a chur ag gabháil le gach síniú ar theachtaireachtaí ríomhphoist a sheoltar. |
| Tacaíocht a thabhairt don Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige maidir le beartas agus reachtaíochta a bhaineann le huchtáil a fhorbairt. | Leanúnach. Leanann AAI de staitisticí agus d'aighneachtaí a sholáthar de réir mar a iarrtar air sin a dhéanamh. |

**Sprioc #4 - "Pleanáil agus cur i bhfeidhm na n-athruithe ar gá iad a dhéanamh ar bheartais agus ar nósanna imeachta oibríochtúla na heagraíochta i gcomhréir le hathruithe reachtacha atá ag teacht chun cinn"**

Ba bhliain measartha gnóthach í an bhliain 2017 i leith athruithe reachtacha agus, i rith na bliana, d'áirigh an t-ullmhúchán le haghaidh an Achta Uchtála (Leasú) athdhearadh foirmeacha agus leasú ar fhoirmeacha toilithe reachtúla. Achtaíodh an tAcht ar an 19 Deireadh Fómhair 2017. Mar thoradh ar an dáta tosach feidhme a socraíodh don Acht, ní raibh éifeacht shubstainteach aige ar na horduithe uchtála a deonaíodh, ná ar iarratais a rinneadh ar Uchtáil Bhaile, sa bhliain 2017.

Ní rabhthas in ann roinnt iarratas ar thaifeadadh i gClár na nUchtálacha Idir Tíortha a phróiseáil faoi Acht 2010. Déanfar na hiarratais sin a athbhreithniú go luath sa bhliain 2018 i gcomhréir leis an Acht Uchtála (Leasú) 2017 agus cuirfear na hiarratais sin ar aghaidh más féidir.

Rinneadh na hiarmhairtí féideartha a bheadh ann mar thoradh ar achtú an Bhille Uchtála (Faisnéis agus Lorgaireacht) a bhreithniú go mion freisin i rith na bliana. Breithníodh saincheisteanna amhail riachtanais chóiríochta an Údaráis amach anseo agus athruithe ionchasacha ar fheidhmeanna an Údaráis. Chun ullmhúchán a dhéanamh maidir leis an reachtaíocht nua, bhí teagmháil rialta ann leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige. agus le Tusla - an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach trí chomhghrúpaí oibre.

Rinneadh faisnéis faoi na Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) a tháinig i bhfeidhm mar dhlí ar an 25 Bealtaine 2018 a scaipeadh ar an bhfoireann. D'fhreastail roinnt daoine de chuid na foirne ar sheisiúin oiliúna agus faisnéise agus rinne na hIniúchóirí Inmheánacha athbhreithniú ar ullmhacht i leith GDPR i Meán Fómhair 2017. Bainfear úsáid as na moltaí a rinneadh tar éis an athbhreithnithe mar bhonn le haghaidh Phlean GDPR a ndéanfar obair air go luath sa bhliain 2018.

| Gníomhartha | Dul chun cinn ag deireadh na bliana 2017 |
|---|---|
| An Bille Uchtála (Leasú) 2017 | Achtaíodh é ar an 19 Deireadh Fómhair 2017 mar an tAcht Uchtála (Leasú) 2017.<br><br>Cuireadh tosach feidhme agus impleachtaí na reachtaíochta in iúl do na geallsealbhóirí go léir.<br><br>Foilsíodh FAQ-anna (Ceisteanna a Chuirtear go Minic) ar an láithreán gréasáin.<br><br>Tugadh freagraí rialta tapa ar fhiosruithe nua.<br><br>Seoladh comhdháil do na geallsealbhóirí go léir. |
| Rinneadh ullmhúchán le haghaidh na reachtaíochta a bhaineann le Faisnéis agus Lorgaireacht. | Leanann AAI de pháirt a ghlacadh i nGrúpa Oibre na dTaifead Uchtála (ARWG), in éineacht le Tusla agus leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.<br><br>Ina theannta sin, glacann daoine d'fhoireann AAI ar an bhfoghrúpa ar Chlár na bhFiosruithe faoi Theagmháil Uchtála (TRACE) agus ar fhoghrúpa na meán i gcomhar le TUSLA agus leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige. |

| | |
|---|---|
| Impleachtaí maidir le Taifid agus Eagrúchán | Bhí dhá chruinniú le comhlachtaí creidiúnaithe ann i gcomhar leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus bhí roinnt cruinnithe ar leithligh ann le Comhairle na nGníomhaireachtaí Uchtála (CIAA) agus le comhlachtaí creidiúnaithe.<br><br>Tá dréacht-doiciméad curtha i bhfeidhm ag AAI ina sainaithnítear suas go 200 suíomh a bhféadfadh comhaid a bheith iontu.<br><br>Bhí cruinnithe ag AAI leis an gCartlann Náisiúnta, leis an gCartlann Mhíleata, le Cartlann Shiúracha na Trócaire, leis an gCoimisiún um Árais Máithreacha agus Naíonán agus leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.<br><br>Tiomsaíodh dréacht-doiciméad ina léirítear na ceanglais agus na hacmhainní íosta i leith áiteanna taiscthe chun cúram nua an Údaráis a chomhlíonadh nuair a ritear an reachtaíocht nua. Tá tús curtha le pléite leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige/le hOifig na nOibreacha Poiblí maidir leis na riachtanais a bhaineann le hÁitribh de chuid AAI.<br><br>Fostaíodh Bainisteoir Tionscadail i mí na Nollag 2017 chun cabhrú leis an ullmhúchán i gcomhair catalógú, scanadh taifead etc.<br><br>I rith na bliana, rinneadh breithniú ar an tionchar a bheidh ag an reachtaíocht nua, ó thaobh cúrsaí eagrúcháin agus acmhainní de, a mhéid a bhaineann le róil agus freagrachtaí na foirne. Déanfar tuilleadh oibre sa réimse seo sa bhliain 2018. |
| Ullmhúchán le haghaidh chur i bhfeidhm an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015. | D’fhreastail ionadaithe de chuid AAI ar Ghrúpa Forfheidhmithe na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige.<br><br>An Ráiteas maidir le Sábháilteacht Leanaí a Choimirciú a uasdátú lena chur faoi bhráid an Bhoird lena cheadú i mí Eanáir 2018.<br><br>Ceapadh duine ar leith mar Phointe Idirchaidrimh.<br><br>Cuirfear faisnéis uasdátaithe isteach sa Lámhleabhar Oibríochtaí agus cuirfear a gcuid freagrachtaí faoin Acht in iúl go gach duine den fhoireann. |

**Sprioc #5 - 'Eagraíocht éifeachtúil, inniúil, chuntasach a bhíonn ag foghlaim i gcónaí a chothabháil."**

Sa bhliain 2017, bhí cuid mhór den obair sa réimse seo dírithe ar chomhlíonadh an Chóid Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit ina iomláine. Uasdátaíodh Clár na Rioscaí agus déanann an Coiste Rioscaí agus Iniúchta agus an Bord faireachán air.

Chomhlíon an tÚdarás na Treoirlínte maidir le Tús Áite do Leanaí ina n-iomláine. Ceapadh duine ar leith mar Phointe Idirchaidrimh agus rinne gach duine den fhoireann an oiliúint ar líne a sholáthraítear trí láithreán gréasáin TUSLA.

Maidir le cuntasacht airgeadais, cuirtear tuarascálacha ar anailís athraithis ar fáil don Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige ar bhonn míosúil. Cloítear lenár mbeartas maidir le fáil earraí agus seirbhísí agus déantar athbhreithniú ar an mbeartas gach bliain agus cuirtear faoi réir Seiceáil Iniúchta Inmheánaigh é. Cheadaigh an Coiste Rioscaí agus Iniúchta an Plean Iniúchta Inmheánaigh agus tá an plean sin á chur i bhfeidhm. Déantar Tuarascáil Bhliantúil an Choiste Rioscaí agus Iniúchta a thíolacadh go foirmiúil don Bhord. Rinne an Bord agus an Coiste Rioscaí agus Iniúchta athbhreithnithe féinmheasúnachta.

| Gníomhartha | Dul chun cinn ag deireadh na bliana 2017 |
| --- | --- |
| Feidhm na nAcmhainní Daonna a fhorbairt<br>Plean comharbais a dhréachtú<br>Folúntais a líonadh<br><br>Bunachar sonraí feidhmiúil a bheith ann a chumasóidh taifeadadh cruinn sonraí pearsanta de réir mar a cheanglaítear faoi Rialacháin na Státseirbhíse agus na Seirbhíse Poiblí agus faoi na Rialacháin maidir le Dlí Fostaíochta (SAGE).<br><br>Gheobhaidh an fhoireann sa réimse Acmhainní Daonna oiliúint i ndáil le feidhmeanna éagsúla Acmhainní Daonna.<br><br>Tá plean oiliúna i bhfeidhm don fhoireann ar fad don bhliain 2017.<br><br>Suirbhé a sheoladh i measc na foirne chun bunachar sonraí maidir le cáilíochtaí agus taithí na foirne a chur ar bun | De bharr saincheisteanna a bhaineann le hacmhainní, níl an plean comharbais i bhfeidhm ach cuirfear bailchríoch air go luath sa bhliain 2018.<br><br>Fostaíodh sainchomhairleoirí chun cabhair a thabhairt maidir le comórtais oscailte earcaíochta le haghaidh post mar Ardoifigeach Feidhmiúcháin agus mar Phríomhoifigeach sa bhliain 2017. Líonadh folúntais i bpoist mar Oifigeach Feidhmiúcháin ó phainéil de chuid Sheirbhís na gCeapachán Poiblí,<br><br>Tá bunachar sonraí á thiomsú ar bhonn leanúnach.<br><br>Tá duine amháin den fhoireann tar éis tús a chur le cúrsa oiliúna gairmiúla Acmhainní Daonna san Fhoras Riaracháin (IPA), d'fhreastal 2 bhall foirne ar oiliúint sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i ndáil leis an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (SPSPS).<br><br>Seoladh roinnt cúrsaí oiliúna ginearálta don fhoireann - Teicneolaíocht Faisnéise/Sábháilteacht Dóiteáin/Garchabhair<br><br>D'fhreastail daoine éagsúla den fhoireann ar chomhdhálacha agus ar sheimineáir a bhain go sonrach lena ról in Údarás Uchtála na hÉireann - Cosaint Sonraí/Rialachas/Airgeadas<br><br>D'fhreastail duine amháin den fhoireann ar chúrsa Gnó Gaeilge.<br><br>Cuireadh siar é de bharr saincheisteanna maidir le hacmhainní ach déanfar é i Ráithe 3 den bhliain 2018. |
| Timpeallacht foghlama a chothú<br>Ceardlanna agus seimineáir inmheánacha a eagrú agus spreagadh a thabhairt don fhoireann freastal orthu nó páirt a ghlacadh iontu. | Seoladh seimineáir 'Lón agus Foghlaim' i rith na bliana agus leanfar díobh sa bhliain 2018.<br><br>Ballraíocht Ghairmiúil íoctha ag AAI i gcásanna cuí. |

| | |
|---|---|
| Tacú le ballraíochtaí gairmiúla/Forbairt Ghairmiúil Leanúnach do bhaill foirne iomchuí<br><br>Taifead a choimeád faoi imeachtaí seachtracha a bhfreastalaíonn AAI orthu agus a nglacann AAI páirt iontu | Leanúnach. |
| An folúntas i bpost an Stiúrthóra Oibríochtaí agus Seirbhísí Corparáideacha/ Rúnaí Boird a líonadh | Thug an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige cead chun post a bhí folamh de bharr scoir a líonadh. Fógraíodh an post i mí Bhealtaine, seoladh agallaimh i mí an Mheithimh/mí Iúil, agus dhiúltaigh an t-iarrthóir a roghnaíodh glacadh leis an bpost. Athfhógraíodh an post i mí na Samhna. Beidh agallaimh ann go luath san athbhliain. Táthar ag súil go líonfar an post faoi mhí an Mhárta 2018 ar a dhéanaí. |
| Luach iomlán ar airgead a chinntiú maidir le húsáid na n-acmhainní leithroinnte. | Tá na baill foirne i Seirbhísí Corparáideacha ar an eolas faoi na treoirlínte agus faoi na nósanna imeachta a bhaineann le fáil earraí agus seirbhísí.<br><br>Tá faisnéis faoin mbeartas maidir le fáil earraí agus seirbhísí le fáil sa Lámhleabhar Oibríochtaí agus cuireadh gach duine den fhoireann ar an eolas faoin nós imeachta a bhaineann le fáil earraí agus seirbhísí, ar nós imeachta é atá á bhainistiú go lárnach ag Seirbhísí Corparáideacha.<br><br>Tá an lámhleabhar faoi nósanna imeachta airgeadais i bhfeidhm agus uasdátaítear é de réir mar is gá. Tá na nósanna imeachta maidir le fáil earraí agus seirbhísí ann sa lámhleabhar maidir le Nósanna Imeachta Airgeadais.<br>Fostaíodh an Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP) chun cabhair a thabhairt maidir leis an gConradh Seirbhísí Dlíthiúla. |
| Na caighdeáin is airde a choimeád ar bun maidir le rúndacht sonraí agus iomláine sonraí. | Tá na baill foirne a bhíonn ag plé go díreach le hiarrataí Saorála Faisnéise agus Cosanta Sonraí ar an eolas faoina gcuid freagrachtaí.<br><br>Faigheann an fhoireann oiliúint agus eolas faoi na caighdeáin atá ag teastáil i leith Cosaint Sonraí, Bainistíocht Taifead, rúndachta agus iomláine sonraí. Tá treoirlínte do gach duine den fhoireann le fáil sa Lámhleabhar Oibríochtaí agus i Lámhleabhar na bhFostaithe.<br><br>Chomhoibrigh AAI le hOifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí de réir mar ba ghá. |

| | |
|---|---|
| A chinntiú go ndéantar an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit a chomhlíonadh go hiomlán | Cuireadh tuarascáil ar Anailís ar Bhearnaí ar fáil don Bhord, athbhreithníodh í ar fud na bliana agus rinne an Coiste Rioscaí agus Iniúchta faireachán uirthi.<br><br>Comhaontú Formhaoirseachta curtha i bhfeidhm i gcomhar leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.<br><br>Áiríonn an Plean Iniúchta Inmheánaigh seiceálacha bliantúla i gcomparáid leis an gCód.<br><br>Sainaithníodh aon neamhchomhlíonadh maidir leis an gCód agus tuairiscíodh aon neamhchomhlíonadh den sórt sin don Choiste Rioscaí agus Iniúchta agus don Bhord. |

# Athbhreithniú ar an mBliain

# Uchtáil Bhaile

**Anailís ar Ghníomhaíochtaí**

**Dearbhuithe Incháilitheachta agus Oiriúnachta**

I ngach cás uchtála, is ceanglas é go mbeidh Dearbhú bailí Incháilitheachta agus Oiriúnachta ag na hiarratasóirí. Rinneadh 79 nDearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta a dheonú sa bhliain 2017. Sa chuid is mó cásanna, deonaíodh Dearbhuithe laistigh de 3-4 seachtaine ón tráth a bhfuarthas an t-iarratas.

Déantar na caighdeáin agus na treoirlínte a ullmhaíonn Údarás Uchtála na hÉireann lena n-úsáid ag geallsealbhóirí éagsúla a bhunú ar eolas a fhaightear ó threochtaí a thiomsaítear ó athhreithnithe ar na hiarratais go léir ar Dhearbhuithe Incháilitheachta agus Oiriúnachta. Ina theannta sin, bíonn siad bunaithe ar eolas faoin dea-chleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta, ar an Acht Uchtála 2010, ar chaighdeáin rialacháin reachtúla Choinbhinsiún na Háige maidir le huchtáil, agus ar thaighde idirnáisiúnta amhail taighde na Seirbhísí Sóisialta Idirnáisiúnta.

**Orduithe Uchtála**

Deonaíodh 72 Ordú Uchtála sa bhliain 2017. Uchtáil Leasteaghlaigh a bhí i gceist leis an gcuid is mó díobh, is é sin, 37. Tharla mhéadú ar an líon orduithe uchtálacha a rinneadh i leith leanaí a bhí i gcúram altramais fadtéarma, is é sin 21 sa bhliain 2017 i gcomparáid le 19 sa bhliain 2016.  Ba é a bhí san iarmhéid (14) ná uchtálacha naíon a suíodh lena n-uchtáil in Éirinn (7), foirmiúlú uchtálacha i leith leanaí a cuireadh faoi chúram lánúineacha Éireannacha ó áiteanna thar lear (2), agus 2 chás inar cuireadh an leanbh faoi chúram go príobháideach.

Ní féidir Orduithe Uchtála a dheonú tar éis do leanbh aois 18 a bhaint amach nuair a mheastar gurb aosach é/í. Maidir leis an 72 Ordú Uchtála a deonaíodh sa bhliain 2017, bhí an leanbh 17 mbliana d'aois in 27 gcás díobh sin. In 21 chás, bhí an leanbh idir 12 bhliain d'aois agus 16 bliana d'aois, in 14 chás bhí an leanbh idir 7 mbliana d'aois agus 11 bhliain d'aois, in 5 cás bhí an leanbh idir 2 bhliain d'aois agus 6 bliana d'aois agus in 5 chás bhí an leanbh 1 bhliain d'aois.

**Iarratais chuig an Ard-Chúirt**

Faoin Acht Uchtála 2010, is gá ordú ón Ard-Chúirt a bheith ann sular féidir le hiarratais áirithe ar uchtáil dul ar aghaidh chuig céim dheonaithe an ordaithe uchtála.

Ní mór d'Údarás Uchtála na hÉireann iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt chun an fógra don athair breithe agus dul i gcomhairle leis a ligean thar ceal sna himthosca seo a leanas —

i gcás nach bhfuil céannacht athar breithe ar eolas ag an Údarás, nó

- i gcás nach raibh an tÚdarás in ann an t-athar breithe a aimsiú chun fógra a thabhairt dó agus dul i gcomhairle leis, nó,
- más rud é de bharr chineál an chaidrimh idir an mháthair bhreithe agus an t-athair breithe, nár chuí fógra a thabhairt don athair breithe ná dul i gcomhairle leis

Sa bhliain 2017, rinneadh 5 iarratas chun na hArd-Chúirte faoi Alt 18 den Acht le go bhféadfaí naíon a shuíomh lena uchtáil/huchtáil gan dul i gcomhairle leis an athair breithe. Géilleadh do na 5 iarratas. Maidir leis na cásanna sin, bhí gá, nó beidh gá, le hordú iardain faoi Alt 30 chun dul ar aghaidh chuig céim an Ordaithe Uchtála.

Sa bhliain 2017, rinneadh 15 iarratas chun na hArd-Chúirte faoi Alt 30 den Acht le go bhféadfaí leanúint ar aghaidh le hiarratas ar uchtáil gan dul i gcomhairle leis an athair breithe. Géilleadh do 14 iarratas agus tá ceann amháin os comhair na gcúirteanna fós sa bhliain 2018.

Le gur féidir leis an Údarás ordú uchtála a dhéanamh, ní mór don Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (nó ní mór do na hiarratasóirí, i gcásanna áirithe) iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt sna himthosca seo a leanas —

- i gcás nach bhfuil toilithe ó thuismitheoirí ar fáil;
- roimh thosach feidhme an Achta Uchtála (Leasú) 2017 (féach thíos), i gcás inar rugadh an leanbh do thuismitheoirí a bhí pósta ar a chéile;
- i gcás ina bhfuil saincheist ann maidir le suíomh an linbh leis na tuismitheoirí uchtaíocha ionchasacha; agus i gcás inar féidir a thaispeáint gur mhainnigh an tuismitheoir (na tuismitheoirí) a dhualgas/dualgas (a ndualgas) a dhéanamh i leith a linbh agus gurb é leas an linbh é uchtáil a dhéanamh.

Sa bhliain 2017, rinneadh 20 iarratas chun na hArd-Chúirte faoi Alt 53/54 den Acht. Géilleadh do 19 n-iarratas sa bhliain 2017 agus tá ceann amháin os comhair na gcúirteanna fós sa bhliain 2018.

Le gur féidir leis an Údarás ordú uchtála a dhéanamh, ní mór don Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (nó ní mór do na hiarratasóirí, i gcásanna áirithe) iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt sna himthosca seo a leanas —

- i gcás nach bhfuil toilithe ó thuismitheoirí ar fáil;
- roimh thosach feidhme an Achta Uchtála (Leasú) 2017 (féach thíos), i gcás inar rugadh an leanbh do thuismitheoirí a bhí pósta ar a chéile;
- i gcás ina bhfuil saincheist ann maidir le suíomh an linbh leis na tuismitheoirí uchtaíocha ionchasacha; agus i gcás inar féidir a thaispeáint gur mhainnigh an tuismitheoir (na tuismitheoirí) a dhualgas/dualgas (a ndualgas) a dhéanamh i leith a linbh agus gurb é leas an linbh é uchtáil a dhéanamh.

Sa bhliain 2017, rinneadh 20 iarratas chun na hArd-Chúirte faoi Alt 53/54 den Acht. Géilleadh do 19 n-iarratas sa bhliain 2017 agus tá ceann amháin os comhair na gcúirteanna fós sa bhliain 2018.

**An tAcht Uchtála (Leasú) 2017**

Ritheadh an Bille Uchtála (Leasú) 2017 ina dhlí ar an 19 Iúil 2017 agus tháinig sé i bhfeidhm mar an tAcht Uchtála (Leasú) 2017 ar an 19 Deireadh Fómhair 2017. Mar thoradh ar an Leasú tá roinnt athruithe suntasacha déanta ar réimse na nUchtálacha Baile, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- Tugtar aitheantas do leasanna an linbh mar an ghné is tábhachtaí d'aon iarratas ar uchtáil agus leagtar amach na critéir ar dá réir atá breithniú a dhéanamh ina leith sin;

- Cuireadh deireadh le srian ar uchtáil leanaí a rugadh do thuismitheoirí a bhí pósta ar a chéile nó ar uchtáil leanaí a uchtaíodh roimhe sin;
- Ligeann sé do lánúineacha a chónaíonn le chéile i bpáirtnéireacht shibhialta nó do lánúineacha comhchónaitheacha uchtáil a dhéanamh;
- Cuireann sé forálacha ar leithligh ar bun le haghaidh uchtálacha ag leastuismitheoirí, rud a ligeann do leastuismitheoir leanbh a pháirtnéara/páirtnéara a uchtáil gan a cheangal ar an bpáirtnéir sin (arb é/í tuismitheoir an linbh é/í cheana féin) iarratas a dhéanamh freisin chun an leanbh a uchtáil;
- Sainmhíníonn sé ról 'an neamhchaomhnóir iomchuí' i gcásanna uchtála; agus leathnaíonn sé cearta aithreacha breithe chucu i gcásanna den sórt sin; agus
- Déantar leathnú ar na critéir le haghaidh cáis os comhair na hArd-Chúirte faoi Alt 54.

Mar thoradh ar an dáta tosach feidhme a socraíodh don Leasú, ní raibh éifeacht shubstainteach aige ar na horduithe uchtála a deonaíodh, ná ar chásanna cúirte, sa bhliain 2017. Roghnaigh roinnt iarratasóirí in uchtálacha ag leastuismitheoirí go ndéanfar athmheasúnacht faoi na critéir nua agus d'fhág nach ndeachaigh a gcuid cásanna ar aghaidh chuig an gcéim uchtála roimh dheireadh na bliana 2017.

# Faisnéis agus Lorgaireacht

**Anailís ar Ghníomhaíochtaí**

**Iarrataí ar scaoileadh Deimhnithe Breithe**

Sa bhliain 2017, fuair an tÚdarás 100 iarraidh ó dhaoine uchtaithe chun a ndeimhnithe breithe a scaoileadh agus tá na hiarratais sin á mbreithniú go gníomhach faoi láthair. Is ionann an líon sin iarratas agus méadú 43% i gcomparáid le figiúr na bliana 2016.

I rith na bliana, scaoileadh 39 ndeimhniú breithe (23 cinn sa bhliain 2016) agus diúltaíodh do 9 n-iarraidh (8 gcinn sa bhliain 2016). Maidir leis na 39 ndeimhniú breithe a scaoileadh, bhain cuid acu le hiarrataí a rinneadh roimh an mbliain 2017. Maidir le 4 cinn de na hiarrataí ar diúltaíodh dóibh, bhain siad le hiarrataí a fuarthas roimh an mbliain 2017.

**Ullmhúchán le haghaidh na Reachtaíochta a bhaineann le Faisnéis agus Lorgaireacht**

Tá plean cuimsitheach ag Údarás Uchtála na hÉireann chun déileáil leis an tionchar a bheidh ag an reachtaíocht seo, a bheidh i bhfeidhm go gairid, ar fheidhmeanna an Údaráis. Tá an tÚdarás i gceannas ar Ghrúpa Oibre na dTaifead Uchtála (ARWG) ina gcuimsítear comhaltaí de chuid an Údaráis Uchtála, na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige agus Tusla-an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach agus a bhfuil ullmhúchán á dhéanamh aige le haghaidh na freagrachta i ndáil le gach taifead uchtála a shealbhú, a chosaint agus a chaomhnú.

# Uchtáil Idir Tíortha

**Anailís ar Ghníomhaíochtaí**

**Dearbhuithe Incháilitheachta agus Oiriúnachta**

Dheonaigh an tÚdarás 68 nDearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta sa bhliain 2017 d'iarratasóirí a bhí ag iarraidh uchtáil a dhéanamh thar lear agus shínigh sé 23 Dhearbhú a bhí ann cheana féin go ceann bliain amháin.

**Clár na nUchtálacha Idir Tíortha**

Cuireadh 324 thaifead san iomlán isteach i gClár na nUchtálacha Idir Tíortha i leith na n-alt iomchuí go léir den Acht Uchtála 2010. Is ionann an figiúr sin agus méadú suntasach i gcomparáid le figiúr na bliana 2016, is é sin 214. Bhain 53 thaifead le huchtálacha isteach in Éirinn a rinneadh faoi théarmaí agus faoi choinníollacha Choinbhinsiún na Háige 1993.

**Meaitseáil Leanaí**

Oibríonn oibrithe sóisialta le daoine den fhoireann riaracháin agus le comhairleoir liachta chun comhairle a chur ar fáil maidir le riachtanais leanaí a mheaitseáil le cumais tuismitheoirí ionchasacha Éireannacha. Sa bhliain, 2017, tarchuireadh 40 leanbh go hÉirinn ó thíortha eile. Déanann meitheal ildisciplíneach ina gcuimsítear an Príomhoibrí Sóisialta, an Comhairleoir Liachta agus Bainisteoir an Aonaid Uchtála Idir Tíortha athbhreithniú ar gach tarchur linbh lena uchtáil/huchtáil.

Maidir le tíortha nach bhfuil gníomhaireacht chreidiúnaithe ag Éirinn iontu mar shampla, na hOileáin Fhilipíneacha agus an Téalainn, chuaigh daoine den fhoireann oibre sóisialta i dteagmháil leis na tuismitheoirí ionchasacha chun a gcumas chun freastal ar riachtanais shonracha na leanaí a phlé.

**Faisnéis Uasdátaithe a bhaineann le Tíortha Sonracha**

**An Bhulgáir:** Sa bhliain 2017, deonaíodh 2 Dhearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta do thuismitheoirí uchtaíocha ionchasacha a bhí ag beartú uchtáil a dhéanamh sa Bhulgáir; deonaíodh 4 Chomhaontú chun Leanbh a Shuíomh (Airteagal 17 de Choinbhinsiún na Háige). Sa bhliain 2017, rinneadh 8 nUchtáil a cuireadh i gcrích sa Bhulgáir a thaifeadadh i gClár na nUchtálacha Idir Tíortha.

Thug toscaireacht ina raibh triúr ionadaithe ó Údarás Uchtála na hÉireann cuairt ar an mBulgáir ón 19 Meán Fómhair go dtí an 23 Meán Fómhair 2017 chun tuairisciú a dhéanamh ar stádas reatha na huchtála idir tíortha. Ba iad comhaltaí na toscaireachta an Dr Imelda Ryan, ball den Bhord, Des Tracey, Bainisteoir an Aonaid Uchtála Idir Tíortha, agus Celia Loftus, Príomhoibrí Sóisialta. Bhuail siad le roinnt páirtithe i rith na cuairte lena n-áirítear Ambasadóir na hÉireann chun na Bulgáire, Michael Forbes, Catherine Lawlor, an Leas-Cheann Misin in Ambasáid na hÉireann, Stiúrthóir agus Ceann Roinn Gnóthaí Sóisialta Stiúrthóireacht na Tacaíochta Idirnáisiúnta Dlí do Leanaí agus na hUchtála Idir Tíortha i Roinn Dlí agus Cirt na Bulgáire. Chomh maith leis sin, bhuail an toscaireacht le Stiúrthóirí agus le baill foirne Vesta NGO agus le Speisialtóir Cosanta Leanaí agus le Speisialtóir

Faireacháin Ceart Leanaí UNICEF. Tá UNICEF ag oibriú sa Bhulgáir le 17 mbliana anuas agus is é Vesta an comhlacht creidiúnaithe atá lonnaithe sa Bhulgáir agus a éascaíonn uchtálacha idir tíortha do theaghlaigh Éireannacha, rud a dhéantar i gcomhar le Helping Hands Adoption Mediation Agency in Éirinn. Tá tuairisc níos mionsonraithe faoin gcuairt le fáil ar ár láithreán gréasáin https:/(www.aai.gov.ie/adoption/intercountry/country-information/bulgaria.html

**An tSín:** Sa bhliain 2017, deonaíodh 9 nDearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta do thuismitheoirí uchtaíocha ionchasacha a bhí ag beartú uchtáil a dhéanamh sa tSín; deonaíodh 4 Chomhaontú chun Leanbh a Shuíomh (Airteagal 17 de Choinbhinsiún na Háige) agus cuireadh 10 dtaifead isteach i gClár na nUchtálacha Idir Tíortha..

**Háítí:** Sa bhliain 2017, deonaíodh 1 Dearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta do thuismitheoirí uchtaíocha ionchasacha a bhí ag beartú uchtáil a dhéanamh i Háítí.

I mí Bhealtaine 2017, thug toscaireacht ina raibh triúr ionadaithe ó Údarás Uchtála na hÉireann cuairt ar Háítí chun scrúdú a dhéanamh ar an mbonneagar uchtála d'fhonn tuairisciú a dhéanamh faoin ábhar don Bhord iomlán. Ba iad comhaltaí na toscaireachta an Dr Geoffrey Shannon, Cathaoirleach an Údaráis, Patricia Carey, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, agus Kiernan Gildea, Stiúrthóir Oibríochtaí.

Bhuail an toscaireacht le Madame Arielle Viltedrouin, Ard-Stiúrthóir an Údaráis Lárnaigh (ISBER). Dhaingnigh Háítí Coinbhinsiún na Háige 1993 i mí Aibreáin 2014 agus, ina dhiaidh sin, d'athraigh siad ó chóras mórscála uchtála príobháidí go dtí córas atá bunaithe ar Choinbhinsiún na Háige 1993. Mar thoradh air sin, tá laghdú tagtha ar an líon uchtálacha idir tíortha ó 1,500 go dtí 270 anuraidh. Is táscaire an méid sin ar rialáil níos déine ar uchtáil idir tíortha.

Ina theannta sin, bhuail an toscaireacht le Mark Vincent, ceann oifigí UNICEF i Háítí. Thug an tUas Vincent cuntas ar an mbonneagar cosanta leanaí i Háítí agus dúirt sé go rabhthas ag cabhrú le ISBER maidir le forbairt a dhéanamh ar chód cosanta leanaí agus maidir lena hacmhainn mar Údarás Lárnach a neartú.

**An India:** sa bhliain 2017, deonaíodh 2 Dhearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta do thuismitheoirí uchtaíocha ionchasacha a bhí ag beartú uchtáil a dhéanamh san India. Rinneadh uchtáil amháin a chuir cónaitheoirí Éireannacha i gcrích san India a thaifeadadh i gClár na nUchtálacha Idir Tíortha.

**Na hOileáin Fhilipíneacha:** Sa bhliain 2017, níor deonaíodh Dearbhuithe Incháilitheachta agus Oiriúnachta ar bith do thuismitheoirí uchtaíocha ionchasacha a bhí ag beartú uchtáil a dhéanamh sna hOileáin Fhilipíneacha; níor deonaíodh Comhaontuithe ar bith chun Leanbh a Shuíomh (Airteagal 17 de Choinbhinsiún na Háige). Faoi na socruithe reatha, féadtar leanaí Filipíneacha a uchtáil in Éirinn ina dhiaidh sin.
Tá Helping Hands Adoption Mediation Agency (HHAMA) ceadaithe chun idirghabháil a dhéanamh i leith uchtálacha ó na hOileáin Fhilipíneacha agus táthar ag súil go dtosóidh HI-IAMA gníomhaíochtaí leis na hOileáin Fhilipíneacha go gairid.

**An Pholainn:** Sa bhliain 2017, deonaíodh 1 Dearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta do thuismitheoirí uchtaíocha ionchasacha a bhí ag beartú uchtáil a dhéanamh sa Pholainn; níor

deonaíodh Comhaontuithe ar bith chun Leanbh a Shuíomh (Airteagal 17 de Choinbhinsiún na Háige) agus níor cuireadh taifid ar bith isteach i gClár na nUchtálacha Idir Tíortha..

**An Téalainn:** Sa bhliain 2017, deonaíodh 6 Dhearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta do thuismitheoirí uchtaíocha ionchasacha a bhí ag beartú uchtáil a dhéanamh sa Téalainn; deonaíodh 1 Chomhaontú chun Leanbh a Shuíomh (Airteagal 17 de Choinbhinsiún na Háige) agus cuireadh 2 thaifead isteach i gClár na nUchtálacha Idir Tíortha.. Tá creidiúnúchán á fháil ag HI-IAMA chun bheith ag obair le húdaráis na Téalainne chun idirghabháil a dhéanamh i leith uchtálacha ón Téalainn agus táthar ag súil go dtosóidh HHAMA gníomhaíochtaí i mbliana.

**Stáit Aontaithe Mheiriceá:** Sa bhliain 2017, deonaíodh 11 Dearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta do thuismitheoirí uchtaíocha ionchasacha a bhí ag beartú uchtáil a dhéanamh i Stáit Aontaithe Mheiriceá; deonaíodh 8 gComhaontú chun Leanbh a Shuíomh (Airteagal 17 de Choinbhinsiún na Háige) agus cuireadh 9 dtaifead isteach i gClár na nUchtálacha Idir Tíortha.

**Vítneam:** Sa bhliain 2017, deonaíodh 28 nDearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta do thuismitheoirí uchtaíocha ionchasacha a bhí ag beartú uchtáil a dhéanamh i Vítneam; deonaíodh 24 Chomhaontú chun Leanbh a Shuíomh (Airteagal 17 de Choinbhinsiún na Háige) agus cuireadh 22 thaifead isteach i gClár na nUchtálacha Idir Tíortha.

## CLÁR AITHEANTAIS INSCNE NA nUCHTÁLACHA IDIR TÍORTHA

Féadfaidh daoine ag á bhfuil Deimhniú bailí Aitheantais Inscne atá eisithe ag an Roinn Coimirce Sóisialaí agus a bhfuil a n-uchtáil cláraithe i gClár na nUchtálacha Coigríche nó i gClár na nUchtálacha Idir Tíortha iarratas a dhéanamh chuig Údarás Uchtála na hÉireann ar thaifead a chur isteach i gClár Aitheantais Inscne na nUchtálacha idir Tíortha.

Ní mór iarratais a dhéanamh i scríbhinn agus is gá na doiciméid seo a leanas a chur ag gabháil leis an iarratas:

- An chóip bhunaidh den Deimhniú Aitheantais Inscne a d'eisigh an Roinn Coimirce Sóisialaí;
- Cóip den litir fógra ón Roinn Coimirce Sóisialaí a bhí ag gabháil leis an Deimhniú Aitheantais Inscne;
- Cóip den taifead i gClár na nUchtálacha Coigríche nó i gClár na nUchtálacha Idir Tíortha (má tá sé ar fáil).

Cuireadh dhá thaifead isteach sa Chlár seo sa bhliain 2017.

# An Mheitheal Oibre Sóisialta

Eagraíonn an mheitheal oibre sóisialta ceithre fhóram forbartha gairmiúla gach bliain. Sa bhliain 2017, seoladh iad ar an 30 Márta, ar an 4 Aibreán, ar an 25 Deireadh Fómhair agus ar an 16 Samhain. Bíonn na fóraim ar oscailt do mheithleacha oibre sóisialta agus do chomhairleoirí liachta a oibríonn in Tusla – an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach agus i gcomhlachtaí creidiúnaithe. Bíonn cainteoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta ann chun labhairt os comhair na bhfóram.

Is é is cuspóir d’fhóram:

- faisnéis chothrom le dáta a chur ar fáil faoi shaincheisteanna a bhaineann le hobair sa réimse Faisnéise agus Lorgaireachta agus faoi shaincheisteanna liachta a bhaineann le haosaigh agus leanaí a bhíonn bainteach le huchtáil;
- comhthoil maidir le cúrsaí gairmiúla agus dea-chleachtais a bhaint amach trí phlé forleathan a dhéanamh faoi aincheisteanna eiticiúla i dtaca le seirbhísí measúnachta agus tacaíochta;
- taithí ar chleachtas gairmiúil a chomhroinnt agus naisc a bhunú le hoibrithe sóisialta agus le gairmithe eile i réimse na hoibre uchtála; agus
- deiseanna forbartha leanúnaí gairmiúla a chur ar fáil do chleachtóirí i réimse na huchtála.

I measc na n-ábhar a clúdaíodh sa bhliain 2017 áiríodh na nithe seo a leanas:

- dáimh, cailliúint, náire a ghabhann le huchtáil;]
- tuismitheoireacht theiripeach;
- forbairt néareolaíoch i measc leanaí uchtaithe;
- Siondróm Alcóil san Fhéatas;
- pleananna maithe cúraim a chruthú le haghaidh tuarascálacha measúnachta;
- impleachtaí cosanta sonraí d’oibrithe sóisialta a oibríonn i réimse na huchtála.

**Faisnéis agus Lorgaireacht**

Dhéileáil an Mheitheal Oibre Sóisialta le 327 dtarchur nua maidir le faisnéis, comhairliú, seirbhísí lorgaireachta agus meaitseálacha ar an gClár Náisiúnta Roghanna maidir le Teagmháil i gcás Uchtáil.

# AN tAONADSEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA AGUS CREIDIUNÚCHÁIN

# Creidiúnú

## Anailís ar Ghníomhaíochtaí

Déantar foráil faoi Alt 126 den Acht Uchtála 2010 maidir le 'Clár Comhlachtaí Creidiúnaithe' a choimeád.

Ag deireadh na bliana 2017, is mar a leanas a bhí stádas na ndeich gcomhlacht chreidiúnaithe chláraithe:

| | |
|---|---|
| International Adoption Association<br>Ionad Fiontraíochta Thír an Iúir,<br>17 Bóthar Ráth Fearnáin<br>Baile Átha Cliath 14 | Dúnta |
| PACT<br>18D Páirc Oifigí an Gharráin Chnó<br>Ráth Fearnáin<br>Baile Átha Cliath 14 | Athchreidiúnaíodh an 10 Márta 2016 |
| Cúnamh<br>CPRSI House<br>30 Sráid Anna Theas<br>Baile Átha Cliath 2 | Athchreidiúnaíodh an 7 Márta 2016 |
| Barnardos Post Adoption Service<br>23/24 Sráid Buckingham<br>Baile Átha Cliath 1 | Athchreidiúnaíodh an 7 Meitheamh 2016 |
| St. Mura's Adoption Society<br>Pastoral Centre<br>Monastery Avenue<br>Leitir Ceanainn<br>Co Dhún na nGall | Dúnta |
| Clarecare<br>Rae an Chairdis<br>Inis<br>Co an Chláir | Dúnta |
| Arabella Counselling, t/a Here2Help<br>18D Páirc Oifigí an Gharráin Chnó<br>Ráth Fearnáin Baile<br>Átha Cliath 14 | Athchreidiúnaíodh an 18 Deireadh Fómhair 2016 |

| | |
|---|---|
| Helping Hands Adoption Facilitation Agency t/a<br>Helping Hands Adoption Mediation Agency<br>The Loft, Bessboro Centre<br>Bóthar na Dúcharraige<br>Corcaigh | Athchreidiúnaíodh an 12 Meitheamh 2017 |
| St. Brigid's Information and Tracing Agency<br>Siúracha an Chreidimh Naofa<br>Aylward House<br>Glas Naíon<br>Baile Átha Cliath 11 | Athchreidiúnaíodh an 1/12/2016 |
| **Neamhghníomhach:** | |
| Families for Children Adoption Agency Ltd.<br>Suite 206, The Capel Building<br>Mainistir Mhuire<br>Baile Átha Cliath 1 | Athchreidiúnaíodh an 7 Meitheamh 2016 |

I rith na bliana 2017, thíolaic gach comhlacht creidiúnaithe tuarascálacha féinmheasúnachta sémhíosúla. Rinneadh cuntais iniúchta don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016 a thíolacadh freisin.

**Dúnadh Comhlachtaí Creidiúnaithe**

Ag deireadh na bliana 2017, bhí 3 Chomhlacht Chreidiúnaithe tar éis dúnadh. Bhí comhaid St Mura's Adoption Society agus Clarecare Adoption Services á n-aistriú chuig TUSLA. Ní choimeádann Údarás Uchtála na hÉireann aon chomhaid. Níor baineadh aon chomhlachtaí creidiúnaithe den Chlár sa bhliain 2017.

| **Ainm an Chomhlachta Chreidiúnaithe** | **Dáta Dúnta** |
|---|---|
| St Mura's Adoption Society | 30 Meán Fómhair 2017 |
| Clarecare Adoption Services | 31 Deireadh Fómhair 2017 |
| International Adoption Association (Ireland) | 30 Samhain 2017 |

# Achmainní Daonna

Déantar Lámhleabhar na bhFostaithe a uasdátú ar bhonn leanúnach de réir aon athruithe ar an dlí fostaíochta nó aon athruithe ar bheartas na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Leanaimid de shain-Seirbhís Cúnaimh Fostaí a sholáthar agus bíonn an tseirbhís sin ar fáil don fhoireann ar fad agus do dhaoine dá dteaghlaigh de réir mar is gá.

Chun Lámhleabhar na bhFostaithe a fhorlíonadh, tugadh oiliúint bhreise do bhainisteoirí chun a chinntiú go raibh tuiscint acu ar a róil maidir le Nósanna Imeachta Araíonachta & Gearáin. Ina theannta sin, rinne baill foirne sa mheitheal Acmhainní Daonna agus sa lucht bainistíochta sinsearach oiliúint maidir le Bainistíocht Acmhainní Daonna, riaradh pinsean agus agallóireacht ar bhonn inniúlachta.

De réir a cheadúnais earcaíochta agus le cead ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, reáchtáil an tÚdarás dhá chomórtas earcaíochta, is é sin, ceann amháin chun folúntas ar leibhéal Ardoifigigh Feidhmiúcháin a líonadh agus ceann amháin le haghaidh poist mar Phríomhoifigeach a bhí folamh mar thoradh ar scor. Líonadh post an Ardoifigigh Feidhmiúcháin agus táthar ag súil go líonfar post an Phríomhoifigigh go luath sa bhliain 2018.

**Oiliúint**

Bhí trí sheisiún 'Lón agus Foghlaim' ann i rith na bliana. Tugtar spreagadh do dhaoine den fhoireann i leith cur i láthair a dhéanamh iad féin agus i leith ábhair a mholadh le haghaidh na seisiún. Daoine den fhoireann a rinne an cur i láthair ag dhá cheann de na trí sheisiún - 'Na Lochlannaigh i mBaile Átha Cliath' agus 'Stair Ghasóga na hÉireann' - agus ba é David Costello ó Oifig Cosanta Idirnáisiúnta na Roinne Dlí agus Cirt a chuir an tríú ceann i láthair, is é sin, 'Tacaíocht na hÉireann i gcomhthéacs Ghéarchéim Inimirce na Gréige'.

Soláthraíodh oiliúint ar an láthair sna réimsí seo a leanas freisin:

- MS Word - idirmheánach;
- MS excel - idirmheánach;
- Bainistíocht ama;
- Oiliúint Mhaoir Dóiteáin agus úsáid cathaoireacha EVAC.

Ina theannta sin, d'fhreastail daoine éagsúla de chuid na foirne ar oiliúint sheachtrach arbh é a bhí i gceist léi ná seimineáir agus cainteanna agus cúrsaí chun deimhnithe gairmiúla agus Céimeanna Máistreachta a bhaint amach. Áiríodh an méad seo a leanas i measc na n-ábhar:

- Bainistiú rioscaí;
- Rialachas;
- Cosaint sonraí;
- Bainistiú tionscadail agus ábhair eile maidir le cúrsaí bainistíochta;
- Airgeadas;
- Scileanna meán;
- Bainistiú doiciméad;
- Cúrsaí oiliúna a bhain le gráid shonracha sa tseirbhís phoiblí.

# An Láithreán Gréasáin agus Teicneolaíocht Faisnéise

Sa bhliain 2017, leanadh den láithreán gréasáin a fhorbairt agus cuireadh isteach roinn shubstaintiúil nua do dhaoine óga. Chomh maith le sainroinn Ceisteanna & Freagraí a chur san áireamh, foilsíodh bileoga faisnéise do dhaoine óga, mar aon le dhá ghearrthóg físe a chur ar fáil. De bhreis ar an bhfaisnéis uasdátaithe maidir le staitisticí agus tuarascálacha a phostáil sa ghnáthshlí, cuireadh feabhas ar an leagan amach agus ar an ábhar i ranna eile de chuid an láithreáin gréasáin. Bhain na príomhfheabhsuithe leis an bhfoirm 'Déan Teagmháil Linn', le huirlis nua mapa agus le gailearaí grianghraf.

Leanfaimid den láithreán gréasáin a fhorbairt i rith na bliana 2018 le go mbeidh tuilleadh staitisticí agus faisnéise tacaíochta ar fáil. Tá roinn ann sa láithreán gréasáin chun ligean d'úsáideoirí aiseolas a sholáthar dúinn.

Tá roinnt uasghráduithe tábhachtacha déanta ar ár ngréasán ag foireann na Seirbhísí Corparáideacha rud a rinneadh i gcomhar lenár gcomhghleacaithe san aonad Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide sa Roinn Sláinte. Leanann an fhoireann de bheith ag obair go dlúth le ranna gnó eile de chuid na heagraíochta chun slándáil na seirbhísí Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide a áirithiú. Ag deireadh na bliana 2017, chuireamar tús le mórthionscadal chun ár n-ardán bunachair sonraí a athdhearadh agus samhlaítear go gcríochnófar an obair ina leith sin faoi dheireadh na bliana 2018.

# Faisnéis

**Ceisteanna Parlaiminte**

Díríodh 15 Cheist Pharlaiminteacha ar Údarás Uchtála na hÉireann. Sa chuid is mó cásanna, tháinig an cheist tríd an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus chuir an tÚdarás ábhar ar fáil le go bhféadfadh an tAire freagra a thabhairt.

**Iarrataí Saorála Faisnéise**

Sa bhliain 2017, fuair an tÚdarás Uchtála 17 n-iarraidh faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise

- Géilleadh do 4 cinn
- Tarchuireadh 1 iarraidh chuig Tusla
- Tarchuireadh 1 iarraidh chuig Cosaint Sonraí
- I gcás amháin ní raibh faisnéis ar fáil
- Diúltaíodh do 9 gcinn

Is é is cúis leis an ráta ard ó thaobh iarrataí ar diúltaíodh dóibh ná go n-ainmníonn Acht 2014Údarás Uchtála na hÉireann mar 'Gníomhaireacht a Chuimsítear go Páirteach'. Is ionann sin is a rá nach mbaineann na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise le ' taifid maidir le hordú uchtála a dhéanamh nó maidir le huchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát a aithint, de réir bhrí an Achta Uchtála, 2010, nó le taifid a éiríonn as an gcéanna'.

**Iarrataí Cosanta Sonraí**

Sa bhliain 2017, fuaireamar 8 n-iarraidh Cosanta Sonraí agus tugadh freagra ar gach ceann acu. Níor tugadh diúltú ach in aon chás amháin ós rud é nár bhain an iarraidh le 'faisnéis phearsanta' mar atá sainmhínithe sna hAchtanna.

**An Preas/Na Meáin**

Déileálann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an Cathaoirleach le gach fiosrú agus gach iarraidh ó na meáin.

**Seimineáir**

Ar an 3 Bealtaine 2017, d'óstáil an tÚdarás seimineár dar teideal 'Exploring Information and Tracing'. Chuir an Dr Katherine Zappone, Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, an seimineár agus thug an Dr Geoffrey Shannon, Cathaoirleach an Údaráis, an príomhaitheasc. Labhair Philomena Lee, ar tarraingíodh aird idirnáisiúnta ar a scéal tríd an scannán 'Philomena', faoi mháithreacha agus an reachtaíocht nua, agus labhair máthair bhreithe, Maria Moylett, leis an lucht éisteachta faoina heispéireas féin. Thug Orlaith Traynor, Leas-Chathaoirleach an Údaráis Uchtála, cur i láthair faoi dhearcthaí aithreacha breithe, agus labhair Susan Lohan, ó Adoption Rights Alliance, faoi chearta

uchtaithe chun faisnéis a fháil. Tá an cur i láthair a thug na cainteoirí éagsúla le fáil ar ár láithreán gréasáin ag https://www.aai.gov.ie/conponent/k2/item/101-exploring-informationtracing-seminar_-3-may-2017.html

Ar an 30 Samhain, sheol an tÚdarás comhdháil dar teideal 'Adoption Practice in the Aftermath of the Adoption Amendment Act'. D'oscail an tAire Zappone an seimineár agus thug an Breitheamh Rosemary Horgan, Uachtarán na Cúirte Dúiche, aitheasc maidir le Guth an Linbh. os comhair an lucht freastail I measc na gcainteoirí eile áiríodh an Dr Geoffrey Shannon, Cathaoirleach an Údaráis, an Dr Niall Muldoon, an tOmbudsman do Leanaí, agus an Dr Karen McAuley, Ceann Beartais, Oifig an Ombudsman do Leanaí, Tanya Ward, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Children's Rights Alliance, Orlaith Traynor, Leas-Chathaoirleach an Údaráis; agus Norah Gibbons, Cathaoirleach Tusla - An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach.

Baineadh leas as an seimineár chun físeán saincheaptha an Údaráis maidir le guthanna leanaí ag éisteachtaí uchtála agus dhá bhileog nua faoi éisteachtaí uchtála a dearadh go sonrach do leanaí agus do dhaoine óga a lainseáil go hoifigiúil.

# STAITISTICÍ

# Innéacs na dTablaí Staitisiúla


| | |
|---|---|
| Tábla 1 | Treochtaí Breithe agus Uchtála Baile in Éirinn sa tréimhse 1953-2017 |
| Tábla 2 | Orduithe Uchtála Baile a deonaíodh sa bhliain 2017/Comhlachtaí Creidiúnaithe a bhí i gceist |
| Tábla 3 | Taifid i gClár na nUchtálacha Coigríche, 1991-2010, a taifeadadh de bhun Alt 5 den Acht Uchtála 1991, agus i gclár na nUchtálacha idir Tíortha 2010-2017, de bhun Alt 57(2)(b)(ii) den Acht Uchtála 2010. (Iarratasóirí a bhfuil gnáthchónaí orthu in Éirinn agus a bhfuil Dearbhú bailí Incháilitheachta & Oiriúnachta acu tráth déanta na huchtála idir tíortha). |
| Tábla 4 | Taifid i gClár na nUchtálacha Idir Tíortha, de bhun Alt 57(2)(b)(ii) den Acht Uchtála 2010 don bhliain 2017 amháin. (Iarratasóirí a bhfuil gnáthchónaí orthu in Éirinn agus a bhfuil Dearbhú bailí Incháilitheachta & Oiriúnachta acu tráth déanta na huchtála idir tíortha). |
| Tábla 5 | An líon iomlán uchtálacha idir tíortha a aithníodh sa bhliain 2017, i gcás uchtáil a rinne uchtaitheoirí a raibh gnáthchónaí orthu thar lear. (Baineann Ailt 57(2)(a) & 57(2)(b)(i) den Acht Uchtála 2010 leis an ábhar seo). |
| Tábla 6 | An líon iomlán uchtálacha idir tíortha a aithníodh idir na blianta 2012 agus 2017 i gcás ina raibh gnáthchónaí ar na huchtaitheoirí in Éirinn agus ina raibh Dearbhú bailí Incháilitheachta & Oiriúnachta acu tráth déanta na huchtála. (Baineann Alt 5 den Acht Uchtála 1991 agus Alt 57(2)(b)(ii) den Acht Uchtála 2010 leis an ábhar seo). |
| Tábla 7 | An líon iomlán uchtálacha idir tíortha a aithníodh idir na blianta 1991 agus 2017 (Gach Roinn) |
| Tábla 8 | An líon iomlán Dearbhuithe Incháilitheachta agus Oiriúnachta arna ndeonú agus arna ndiúltú ag an mBord (iar-Bhord) Uchtála faoin Acht Uchtála 1991 i gcás uchtálacha idir tíortha. |
| Tábla 9 | An líon iomlán Dearbhuithe Incháilitheachta agus Oiriúnachta arna ndeonú agus arna ndiúltú ag Údarás Uchtála na hÉireann faoin Acht Uchtála 2010 i gcás uchtálacha idir tíortha. |

**Tábla 1. Treochtaí Breithe agus Uchtála Baile in Éirinn sa tréimhse 1953-2017**

| Bliain | An Líon Iomlán Breitheanna | An Líon Breitheanna Neamhphósta | % den Líon Iomlán Breitheanna | An Líon Uchtálacha |
|---|---|---|---|---|
| 1953 | 62,558 | 1,340 | 2.14 | 381 |
| 1954 | 62,534 | 1,310 | 2.09 | 888 |
| 1955 | 61,662 | 1,234 | 2.00 | 786 |
| 1956 | 60,740 | 1,173 | 1.93 | 565 |
| 1957 | 61,242 | 1,032 | 1.69 | 752 |
| 1958 | 59,510 | 976 | 1.64 | 592 |
| 1959 | 60,188 | 959 | 1.59 | 501 |
| 1960 | 60,735 | 968 | 1.59 | 505 |
| 1961 | 59,825 | 975 | 1.63 | 547 |
| 1962 | 61,782 | 1,111 | 1.80 | 699 |
| 1963 | 63,246 | 1,157 | 1.83 | 840 |
| 1964 | 64,072 | 1,292 | 2.02 | 1,003 |
| 1965 | 63,525 | 1,403 | 2.21 | 1,049 |
| 1966 | 62,215 | 1,436 | 2.31 | 1,178 |
| 1967 | 61,307 | 1,540 | 2.51 | 1,493 |
| 1968 | 61,004 | 1,558 | 2.55 | 1,343 |
| 1969 | 62,912 | 1,642 | 2.61 | 1,225 |
| 1970 | 64,382 | 1,709 | 2.65 | 1,414 |
| 1971 | 67,551 | 1,842 | 2.73 | 1,305 |
| 1972 | 68,527 | 2,005 | 2.93 | 1,291 |
| 1973 | 68,713 | 2,167 | 3.15 | 1,402 |
| 1974 | 68,907 | 2,309 | 3.35 | 1,415 |
| 1975 | 67,178 | 2,515 | 3.74 | 1,443 |
| 1976 | 67,718 | 2,545 | 3.76 | 1,104 |
| 1977 | 68,892 | 2,877 | 4.18 | 1,127 |
| 1978 | 70,299 | 3,003 | 4.27 | 1,223 |
| 1979 | 72,539 | 3,337 | 4.60 | 988 |
| 1980 | 74,064 | 3,723 | 5.03 | 1,115 |
| 1981 | 72,158 | 3,914 | 5.42 | 1,191 |
| 1982 | 70,843 | 4,358 | 6.15 | 1,191 |
| 1983 | 67,117 | 4,552 | 6.78 | 1,184 |
| 1984 | 64,062 | 5,116 | 7.99 | 1,195 |
| 1985 | 62,388 | 5,282 | 8.47 | 882 |
| 1986 | 61,620 | 5,946 | 9.65 | 800 |
| 1987 | 58,433 | 6,347 | 10.86 | 715 |

| Bliain | An Líon Iomlán Breitheanna | An Líon Breitheanna Neamhphósta | % den Líon Iomlán Breitheanna | An Líon Uchtálacha |
|---|---|---|---|---|
| 1988 | 54,600 | 6,483 | 11.87 | 649 |
| 1989 | 52,018 | 6,671 | 12.82 | 615 |
| 1990 | 53,044 | 7,767 | 14.64 | 648 |
| 1991 | 52,718 | 8,912 | 16.91 | 590 |
| 1992 | 51,089 | 9,211 | 18.03 | 523 |
| 1993 | 304 | 9,826 | 19.93 | 500 |
| 1994 | 47,928 | 9,904 | 20.66 | 424 |
| 1995 | 48,530 | 10,788 | 22.23 | 490 |
| 1996 | 50,390 | 12,484 | 24.77 | 405 |
| 1997 | 52,311 | 13,892 | 26.56 | 422 |
| 1998 | 53,551 | 15,133 | 28.26 | 400 |
| 1999 | 53,354 | 16,461 | 30.85 | 317 |
| 2000 | 54,239 | 17,235 | | 303 |
| 2001 | 57,882 | 18,049 | 31.18 | 293 |
| 2002 | 60,521 | 18,815 | 31.09 | 266 |
| 2003 | 61,517 | 19,313 | 31.39 | 263 |
| 2004 | 61,684 | 19,935 | 32.32 | 273 |
| 2005 | 61,042 | 19,528 | 32.00 | 253 |
| 2006 | 64,237 | 21,295 | 33.15 | 222 |
| 2007 | 70,620 | 23,170 | 32.81 | 187 |
| 2008 | 75,065 | 24,844 | 33.09 | 200 |
| 2009 | 74,728 | 24,532 | 32.82 | 190 |
| 2010 | 73,724 | 24,860 | 33.72 | 189 |
| 2011 | 74,650 | 25,157 | 33.70 | 39 |
| 2012 | 72,225 | 25,344 | 35.10 | 49 |
| 2013 | 68,930 | 24,393 | 35.40 | 116 |
| 2014 | 67,462 | 24,514 | 36.30 | 112 |
| 2015 | 65,909 | 23,990 | 36.40 | 94 |
| 2016 | 63,897 | 23,348 | 36.50 | 95 |
| 2017 | 62,053 | 23,340 | 37.60 | 72 |
| **IOMLÁN** | | | | **44,531** |

*Foinsí: Achomaireachtaí Staitistiúla (blianta éagsúla), an Phríomh-Oifig Staidrimh*

**Tábla 2 Orduithe Uchtála Baile a deonaíodh/Comhlachtaí Creidiúnaithe a bhí i gceist**

| **Orduithe Uchtála Baile a deonaíodh sa bhliain 2017/Comhlachtaí Creidiúnaithe a bhí i gceist** | |
|---|---|
| Feidhmeannach na Seirbhíse Sláinte/An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach/Tusla | Gach ceann acu |

| **Tábla 3**<br>**Taifid i gClár na nUchtálacha Coigríche, 1991-2010, arna dtaifeadadh de bhun Alt 5 den Acht Uchtála 1991, agus i gclár na nUchtálacha idir Tíortha 2010-2017, de bhun Alt 57(2)(b)(ii) den Acht Uchtála 2010. (Iarratasóirí a bhfuil gnáthchónaí orthu in Éirinn agus a bhfuil Dearbhú bailí Incháilitheachta & Oiriúnachta acu tráth déanta na huchtála idir tíortha).** | | |
|---|---|---|
| **An Líon** | **An Tír** | **An líon leanaí** |
| 1 | An Rúis | 1607 |
| 2 | Vítneam | 860 |
| 3 | An Rómáin | 786 |
| 4 | An tSín | 421 |
| 5 | An Aetóip | 302 |
| 6 | Guatamala | 176 |
| 7 | An Chasacstáin | 149 |
| 8 | An Bhealarúis | 145 |
| 9 | An Téalainn | 119 |
| 10 | An Úcráin | 99 |
| 11 | Meicsiceo | 108 |
| 12 | Stáit Aontaithe Mheiriceá | 96 |
| 13 | An India | 52 |
| 14 | An Cholóim | 19 |
| 15 | An Téaváin | 19 |
| 16 | An Bhrasaíl | 17 |
| 17 | Paragua | 16 |
| 18 | Na hOileáin Filipíneacha | 11 |
| 19 | An Bhulgáir | 31 |
| 20 | Peiriú | 7 |
| 21 | An Chambóid | 4 |

| | | |
|---|---|---|
| 22 | Uganda | 2 |
| 23 | An Úisbéiceastáin | 2 |
| 24 | An Ríocht Aontaithe | 7 |
| 25 | An tSalvadóir | 2 |
| 26 | An tSile | 1 |
| 27 | Iosrael | 1 |
| 28 | An tSeapáin | 1 |
| 29 | An Liobáin | 1 |
| 30 | An Bholaiv | 1 |
| 31 | Srí Lanca | 1 |
| 32 | Veiniséala | 1 |
| 33 | An tSaimbia | 1 |
| 34 | An Chéinia | 1 |
| 35 | An tSiombáib | 1 |
| 36 | Maracó | 1 |
| 37 | An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin | 1 |
| 38 | An Mhaláiv | 1 |
| 39 | An Libia | 1 |
| 40 | An Afraic Theas | 1 |
| 41 | An Liotuáin | 2 |
| | **Iomlán** | 5074 |

**Tábla 4**
**Taifid i gClár na nUchtálacha Idir Tíortha, de bhun Alt 57(2)(b)(ii) den Acht Uchtála 2010 don bhliain 2017 amháin. (Iarratasóirí a bhfuil gnáthchónaí orthu in Éirinn agus a bhfuil Dearbhú bailí Incháilitheachta & Oiriúnachta acu tráth déanta na huchtála idir tíortha).**

| An Tír | 2017 |
|---|---|
| An Bhulgáir | 8 |
| An tSín | 10 |
| An India | 1 |
| Meicsiceo | 1 |
| An Téalainn | 2 |
| Stáit Aontaithe Mheiriceá | 9 |
| Vítneam | 22 |
| **Iomlán-** | **53** |

| **Tábla 5**<br>**An líon iomlán uchtálacha idir tíortha a aithníodh sa bhliain 2017, i gcás uchtáil a rinne uchtaitheoirí a raibh gnáthchónaí orthu thar lear. (Baineann Ailt 57(2)(a) & 57(2)(b)(i) den Acht Uchtála 2010 leis an ábhar seo).** | |
|---|---|
| **An Tír Cónaithe tráth déanta na huchtála** | **2017** |
| An Astráil | 1 |
| An Bhulgáir | 2 |
| An Chambóid | 2 |
| Ceanada | 1 |
| Oileáin Cayman | 1 |
| An tSín | 19 |
| An Cholóim | 1 |
| Eacuadór | 1 |
| Sasana | 126 |
| An Aetóip | 1 |
| Hong Cong | 9 |
| An India | 1 |
| Geirsí | 1 |
| An Mhaláiv | 1 |
| Tuaisceart Éireann | 40 |
| An Rómáin | 1 |
| An Rúis | 2 |
| Albain | 10 |
| An Afraic Theas | 8 |
| An Spáinn | 2 |
| An Téaváin | 2 |

| | |
|---|---|
| An Tansáin | 1 |
| An Téalainn | 6 |
| Stáit Aontaithe Mheiriceá | 28 |
| Vítneam | 2 |
| An Bhreatain Bheag | 1 |
| An tSiombáib (an Róidéis roimhe seo) | 1 |
| **Iomlán** | **271** |

**Tábla 6**
**An líon iomlán uchtálacha idir tíortha a aithníodh idir na blianta 2012 agus 2017 i gcás ina raibh gnáthchónaí ar na huchtaitheoirí in Éirinn agus ina raibh Dearbhú bailí Incháilitheachta & Oiriúnachta acu tráth déanta na huchtála.(Baineann Alt 5 den Acht Uchtála 1991 agus Alt 57(2)(b)(ii) den Acht Uchtála 2010 leis an ábhar seo).**

| **An Tír** | **2012** | **2013** | **2014** | **2015** | **2016** | **2017** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| An Bhulgáir | 0 | 1 | 4 | 8 | 4 | 8 |
| An Cambóid | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 |
| An Cholóim | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| An tSín | 1 | 3 | 1 | 15 | 7 | 10 |
| An tSalvadóir | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| An Aetóip | 32 | 26 | 0 | 0 | 1 | 0 |
| An India | 10 | 10 | 3 | 0 | 0 | 1 |
| An Liotuáin | 0 | 0 | 0 | 1 | 1 | 0 |
| Meicsiceo | 1 | 0 | 5 | 11 | 0 | 1 |
| Peiriú | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 |
| An Rúis | 49 | 17 | 4 | 2 | 2 | 0 |
| An Téaváin | 3 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| An Téalainn | 2 | 5 | 6 | 1 | 4 | 2 |
| Stáit Aontaithe Mheiriceá | 19 | 7 | 5 | 6 | 14 | 9 |
| an Ríocht Aontaithe | 0 | 0 | 2 | 5 | 0 | 0 |
| Vítneam | 0 | 0 | 4 | 31 | 21 | 22 |
| **Iomlán** | 117 | 72 | 34 | 82 | 54 | 53 |

**Tábla 7**
**An líon iomlán uchtálacha idir tíortha a aithníodh idir na blianta 1991 agus 2017 (Gach Roinn)**

| Bliain | An Líon |
|---|---|
| 1991 | 58 |
| 1992 | 305 |
| 1993 | 59 |
| 1994 | 67 |
| 1995 | 90 |
| 1996 | 117 |
| 1997 | 148 |
| 1998 | 260 |
| 1999 | 284 |
| 2000 | 323 |
| 2001 | 285 |
| 2002 | 440 |
| 2003 | 487 |
| 2004 | 486 |
| 2005 | 439 |
| 2006 | 406 |
| 2007 | 436 |
| 2008 | 490 |
| 2009 | 394 |
| 2010 | 288 |
| 2011 | 342 |

| Tábla 7 ar lean. An líon iomlán uchtálacha idir tíortha a aithníodh idir na blianta 1991 agus 2017 (Gach Roinn) | |
|---|---|
| 2012 | 244 |
| 2013 | 145 |
| 2014 | 104 |
| 2015 | 160 |
| 2016 | 215 |
| 2017 | 324 |
| **Iomlán** | **7396** |

| Tábla 8<br>An líon Dearbhuithe Incháilitheachta agus Oiriúnachta arna ndeonú agus arna ndiúltú ag an mBord Uchtála faoin Acht Uchtála 1991 i gcás uchtálacha idir tíortha. | | |
|---|---|---|
| **Bliain** | **An Líon Dearbhuithe a Deonaíódh** | **An Líon Dearbhuithe ar Diúltaíodh dóibh** |
| 1991 | 4 | 1 |
| 1992 | 40 | 1 |
| 1993 | 54 | 6 |
| 1994 | 63 | 3 |
| 1995 | 109 | 4 |
| 1996 | 117 | 5 |
| 1997 | 176 | 1 |
| 1998 | 206 | 3 |
| 1999 | 242 | 1 |
| 2000 | 282 | 1 |
| 2001 | 391 | 1 |
| 2002 | 399 | 1 |
| 2003 | 468 | 0 |
| 2004 | 461 | 0 |
| 2005 | 403 | 3 |
| 2006 | 400 | 3 |
| 2007 | 452 | 5 |
| 2008 | 494 | 1 |
| 2009 | 391 | 1 |
| 2010 | 423 | 1 |
| **Iomlán** | **5,575** | **40** |

| Tábla 9<br>An líon Dearbhuithe Incháilitheachta agus Oiriúnachta (Idirtíortha) arna ndeonú agus arna ndiúltú ag Údarás Uchtála na hÉireann idir na blianta 2010 agus 2017 faoin Acht Uchtála 2010 i gcás uchtálacha idir tíortha. | | |
|---|---|---|
| **Bliain** | **Deonaithe** | **Diúltaithe** |
| 2010 | 20 | 0 |
| 2011 | 205 | 0 |
| 2012 | 164 | 2 |
| 2013 | 266 | 1 |
| 2014 | 106 | 4 |
| 2015 | 86 | 1 |
| 2016 | 72 | 0 |
| 2017 | 68 | 0 |
| **Iomlán** | **987** | **8** |

# Faisnéis Eile

**Bainistíocht Fuinnimh**
**Forléargas ar Úsáid Fuinnimh sa bhliain 2017**

Sa tríú Plean Náisiúnta de chuid na hÉireann maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh (NEEAP 3), a foilsíodh sa bhliain 2014, athdhearbhaíodh tiomantas na hÉireann i leith laghdú 20% ar an éileamh ar fhuinneamh a bhaint amach i ngach réimse den gheilleagar faoin mbliain 2020, mar aon le laghdú 33% a bhaint amach i ndáil le húsáid fuinnimh san earnáil phoiblí.

Is ionann an sprioc sin i leith na hearnála poiblí agus 2,240Gkwh de shábhálacha fuinnimh phríomha. Ní raibh na figiúirí i ndáil leis na sábhálacha fuinnimh iomlána san earnáil phoiblí sa bhliain 2016 ar fáil tráth foilsithe na tuarascála seo.

Sa bhliain 2017, thug Údarás Uchtála na hÉireann tuairisc ar a úsáid fuinnimh sa bhliain 2016 agus bhí feabhas curtha aige ar fheidhmíocht na bliana roimhe sin, is é sin, bhí sábháil fuinnimh 27.9% ann ón tráth a leagadh síos bunlíne sa bhliain 2009. Mar gheall ar an leibhéal sábhála sin, táimid i riocht maith chun ár sprioc 2020 a bhaint amach, is é sin sábháil 33%.

**An Láithreán Gréasáin:** Is féidir teacht ar láithreán gréasáin an Údaráis Uchtála ag www.gov.ie

**Aturnaetha**
Matheson
Cé Sir John Rogerson
Baile Átha Cliath 2

**Iniúchóirí**
Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Bloc an Chisteáin
An Clós Íochtair
Caisleán Bhaile Átha Cliath
Baile Átha Cliath 2

**ASM**
20 Rosemary Street
Béal Feirste
BTI IQD
(iniúchadh inmheánach)